Dublin Institute for Advanced Studies

Annual Report 2018

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

Tuairisc Bhliantúil 2018





Clár

2 Forléargas ar DIAS

6 Ráiteas an Chathaoirligh

12 Ráiteas an Chláraitheora & POF

16 Dialann Imeachtaí

22 Scoil an Léinn Cheiltigh

42 Scoil na Fisice Cosmaí

88 Scoil na Fisice Teoiriciúla

96 An Fhoireann

131 Ráitis Airgeadais

Contents

2 DIAS at a Glance

7 Chairman's Statement

13 Statement of Registrar & CEO

16 Journal of Engagements

23 School of Celtic Studies

43 School of Cosmic Physics

89 School of Theoretical Physics

96 DIAS Staff

101 Financial Statements

DIAS AT A GLANCE 2018

Our Team

Overview Profile

15% Administration[1]

85% Research[2]

1. Administration + General Technical Support
2. Research + Specialist Technical Support

Origin of Researchers

18% Non–EU

82% EU

Note
Total number of countries are 22

Scholars

REST OF WORLD
77%



IRELAND
23%

Fellows/Project Staff

REST OF WORLD
74%

IRELAND
26%

Gender



MALE
69%



FEMALE
31%

Our Financial Resources

Funding Sources

Funding Expenditure

€6.731m
Oireachtas Grant
(Department of Education and Skills)

€5.2m
Other Sources

Our Partners

Island of Ireland Collaborations

NUIG	DIT
TCD	WIT
UCD	AIT
UCC	Irish Astronomical Society
DCU	The Discovery Programme
NUIM	Armagh Planetarium
RIA	National Library of Ireland
QUB	IT Tallaght
UL	IT Tralee

Individual Research Associates

45
National

12
International

International Research Visitors

179
Research Visitors *from*

22
Countries

DIAS AT A GLANCE 2018

Our International Research Collaborations*



EUROPEAN AND GLOBAL INFRASTRUCTURE PARTICIPATION

esa

H.E.S.S.

RadioNet

EPOS EUROPEANPLATEOBSERVINGSYSTEM

LOFAR

JWST

JAXA

ESO

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá lúcháir orm gur mise atá ag tabhairt an réamhrá ar Thuarascáil Bhliantúil DIAS arís eile i mbliana. Bliain an-suntasach ab ea 2018 d'Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Bliain a bhí ann inar tháinig an institiúid le chéile mar aon chun straitéis nua a leagadh amach don todhchaí, dá príomhspriocanna agus dá misin, agus inar bhreathnaigh siar ar an tionchar atá againn, ar bhonn áitiúil agus idirnáisiúnta araon. Bliain a bhí ann ina ndearnadh a lán mhachnaimh agus comóradh tábhachtach, bliain ina tharla athrú agus forbairt ó bhonn.

Níos tábhachtaí fós, seoladh straitéis nua ceithre bliana le haghaidh DIAS i mí na Samhna, agus ag an seoladh sin cuireadh béim den athuair ar an creidiúint dhaingean atá agam go bhfuil an tiomantas seasmhach buan don taighde ar thús cadhnaíochta atá in Éirinn, agus atá ann le fada an lá, go léirithe go breá soiléir in DIAS.

Agus sinn i mbun an straitéis nua againn a chur i bhfeidhm, tá DIAS ag tosú ar an gcéad chéim eile dár bhforbairt ag am a bhfuil an neamhchinnteacht gheopholaitiúil ag dul i méid ar fud an domhain. Tá borradh ag teacht faoin imní atá ann faoi inbhuanaithe an phláinéid seo againne agus tá dúil láidir ann chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár gcóras gréine, ar ár nDomhan agus ar na córais nádúrtha a bhaineann leis. Ní raibh gá riamh ann go dtí seo a bhí chomh géar is atá sé anois dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an tuiscint atá againn ar na prionsabail bhunúsacha dár saol.

Anuas ar na saincheisteanna sin, tá coincheap na féiniúlachta agus an tuiscint ar an aimsir atá imithe siar agus ar cé sinn mar dhaoine - cibé acu ar bhonn áitiúil, is é sin a rá ar an oileán seo againne, ar bhonn Eorpach, nó fiú ar bhonn dhomhanda - ag dul chun cinn mar mhórthéama sa dioscúrsa poiblí.

Tá a leithéid de mhórcheisteanna le brath san obair atá déanta ag taighdeoirí den scoth dhomhanda atá ag DIAS sna dtrí Scoil san Institiúid, is iad sin Scoil an Léinn Cheiltigh, Scoil na Fisice Teoiriciúla agus Scoil na Fisice Cosmaí. Cé go bhfeidhmíonn na Scoileanna seo i réimsí éagsúla den chinnteoireacht agus den taithí dhaonna, tá comhchuspóir acu go léir chun na teorainneacha eolais agus tuisceana a leathnú - agus chun an anailís chriticiúil a chothú.

I ndeireadh na dála, neartófar Éire mar ionad don cheannaireacht intleachtúil, don fhiosrúchán criticiúil neamhspleách agus don taighde nuálach ar thús cadhnaíochta leis an obair a dhéanaimid. Tá obair déanta in DIAS - agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin - ar na rúin atá le fáil i lámhscríbhinní ársa agus ar na clocha oghaim, ar an mbonn teoiriciúil leis an ríomhaireacht chandamach agus ar na meicníochtaí chun bolcáin agus imeachtaí seismeacha ar thalamh nó san aigéan a thuar. Chun tacú leis an obair dheiridh sin, táimid tar éis bonneagar seismeastar éisteachta/ breathnóireachta a chur i bhfeidhm ag bun an aigéin amach ón gcósta le déanaí.

Is iondúil go dtagann níos mó ceisteanna, agus fiosracht chun cinn mar gheall ar na bearta a dhéanaimid maidir le rúndiamhracht ár staire, an domhain agus na cruinne. Leanfaimid orainn ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo ar mhaithe le gach aon duine.

https://www.dias.ie/2018/11/20/dias-launches-ambitious-strategy-to-establish-ireland-as-home-for-intellectual-leadership/

Ba í 2018 comóradh 75 bliain ón tráth ar tugadh na léachtaí "What is Life?" ["Cad é an Saol?"] de chuid Schrödinger.

I mí Mheán Fómhair rinneadh comóradh 75 bliana den léacht sin a cheiliúradh i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, le comhdháil a tionóladh ann darbh ainm **75 bliana i ndiaidh Schrödinger — Todhchaí na Bitheolaíochta**. Ba í an phríomhaidhm a bhí ag an gcomhdháil sin ná spiorad meon na léachtaí a thug Schrödinger a tharraingt den athuair trí óstáil a dhéanamh ar 6 buaiteoirí duais Nobel chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna a bhaineann leis an mBitheolaíocht sa lá atá inniu ann.

Chairmans Statement

I am delighted to once again provide the introduction to DIAS' Annual Report. 2018 was a year of notable change for the Dublin Institute for Advanced Studies. It was a year where the institute came together to define a new strategy for the future, its key goals and missions in addition to looking back on its local and international impacts. A year of reflection and important anniversaries, a year of evolution and development.

Most importantly a new four-year strategy for DIAS in was launched in November, and at the launch I reiterated my firm belief that DIAS provides a clear demonstration internationally of Ireland's long and continuing commitment to frontier research.

With our new strategy, DIAS is embarking on the next phase of our development at a time of increasing geopolitical uncertainty worldwide. There is growing concern about the sustainability of our planet and a strong desire to understand our solar system, our Earth and its natural systems better. Never before has there been such an imperative for progress in terms of our understanding of the underpinning principles for our existence.

Pictured is DIAS Chariman Professor Vincent Cunnane with D.G. Yukiya Amano, who is Director General of the International Atomic Energy Agency (IAEA). D.G. Amano visited DIAS in 2018 and gave a lecture.

Sa phictiúr, tá Cathaoirleach DIAS, an tOllamh Vincent Cunnane, i gcuideachta D.G. Yukiya Amano, atá ina Ard-Stiúrthóir ar an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA). Thug D.G. Amano cuairt ar DIAS in 2018 agus thug sé léacht nuair a bhí sé ann.

Alongside these issues, the concept of identity and the understanding of our past and ourselves as a people – whether on our own island, as part of Europe or as global citizens – are also growing themes in public discourse.

Such major issues reflect the work conducted by world-leading researchers across our three Schools of Celtic Studies, Theoretical Physics and Cosmic Physics at DIAS. While these Schools operate in different areas of human thought and experience, they have the common purpose of extending the boundaries of knowledge and understanding – and of fostering critical analysis.

Ultimately, our work will strengthen Ireland as a home for intellectual leadership, independent critical enquiry and innovative frontier research. DIAS has worked – and will continue to work – on, the secrets of ancient manuscripts and ogham stones, the theoretical basis for quantum computing and mechanisms forecasting volcanos and seismic events whether on land or in the ocean. To support this latter work we recently launched a major off shore ocean bottom listening/observation seismometer infrastructure.

Our activities in essence often lead to more questions, and curiosity surrounding the mysteries of our history, planet and universe. We will continue to strive to address these questions for the betterment of all.

https://www.dias.ie/2018/11/20/dias-launches-ambitious-strategy-to-establish-ireland-as-home-for-intellectual-leadership/

2018 also marked the 75th anniversary of Schrödinger's "What is Life?" lectures.

Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

Ba é an tOllamh Christof Koch a thug an Eochairléacht Schrödinger i mbliana, agus labhair sé ar cad atá ar na bacáin maidir le ceist na comhfheasa. Bhí an-áthas ar DIAS a bheith in ann páirt a ghlacadh ann agus an eochair-réamhrá á thabhairt ag Príomhfheidhmeannach agus Cláraitheoir na heagraíochta, an Dr Eucharia Meehan. Chuir an tOllamh Werner Nahm, Ceann na Fisice Teoiriciúla reatha le deireadh na comhdhála agus labhair sé ar Schrödinger agus na scileanna cumarsáide den scoth a bhí aige.

Ar bhonn inmheánach, rinne DIAS an t-imeacht a phlé i Léacht Reachtúil Phoiblí Scoil na Fisice Teoiriciúla 2018, a thug an tOllamh Terry Rudolph in Acadamh Ríoga na hÉireann. Ghlac an tOllamh Rudolph, garmhac Erwin Schrödinger páirt freisin i searmanas beag sa Little Museum, áit ar thug DIAS an litir ó Francis Crick (an duine a rinne an fhionnachtain, i gcomhar le James Watson, inar tugadh faoi deara an héilics dúbailte, struchtúr dréimire-dúbailte DNA) chuig a sheanathair ar iasacht le taispeáint go poiblí.

Mar chuid den Chomóradh 75 bliain, bhí áthas orainn a bheith mar chuid den chlár faisnéise "Thinking outside the Box" ["Ag féachaint ar rudaí ar bhealach nua"] a craoladh ar RTÉ. Tugadh tús eolais gairid sa chlár faisnéise ar conas a tháinig Schrödinger go hÉirinn agus ar an tionchar a bhí ag an saothar a rinne sé anseo.

http://www.newdecade.ie/portfolio/schrodinger/

Agus an deis seo ann le tapú agam, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Luke Drury as an díograis gan staonadh atá aige don institiúid, tar éis dó dul ar scor i mí an Mheithimh 2018. Chuir an tOllamh Drury, a bhí ina Ollamh Sinsearach sa Réaltfhisic le 32 bliain anuas, go mór leis an bplasma-fhisic teoiriciúil.

Tá os cionn 220 páipéar mheasúnaithe foilsithe aige agus is mór an urraim atá ar a chuid oibre, agus breis is 15,000 tagairt déanta air. Thug an tOllamh Drury ceannaireacht do Réaltfhisic DIAS le linn tréimhse dhúshlánach agus chinntigh sé go ndearnadh Réadlann Dhún Since a chothabháil agus a chosaint. Tá borradh tagtha ar an Rannóg mar thoradh ar an gcáil láidir idirnáisiúnta agus an timpeallacht intleachtúil a chothaigh an tOllamh Drury thar na blianta. Mar cheann de na bearta deiridh a rinne sé agus é fós ag feidhmiú mar Cheann na Rannóige, rinne sé a chinntiú gur aithin an European Physical Society (EPS) Réadlann Dhún Since DIAS mar Láithreán Staire de chuid an EPS an 23 Meitheamh. Rinne Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Stáit um Ard-Oideachas, agus an tOllamh Rüdiger Voss, Uachtarán Chumann Fisiciúil na hEorpa, plaic a nochtadh chun an sonrúchán sin a chomóradh.

Agus an tOllamh Drury ag seasamh síos, bhíothas in ann fáilte mhór a chur roimh an Ollamh Peter Gallagher mar Ollamh Sinsearach agus Ceann na Réalteolaíochta agus na Réaltfhisic in DIAS. Tá gairm bheatha láidir ag an Ollamh Gallagher i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chomh maith le ceannaireacht a thabhairt d'fhorbairt an chéad áis réalteolaíochta nua-aimseartha in Éirinn, an Irish Low Frequency Array [an Stáisiún Eagair Ísealmhinicíochta Éireannach] (I-LOFAR) ag Caisleán Bhiorra i gCo. Uíbh Fhailí. Tá grúpa gníomhach taighde tugtha chun DIAS ag an Ollamh Gallagher, a dhíríonn ar réimsí na fisice gréine agus na haimsire sa spás. Ní hamháin go bhfuil pleananna uaillmhianacha aige maidir leis an rannóg, ach le forbairt Réadlann Dhún Since DIAS chomh maith agus táimid ag súil le dul chun cinn suntasach a bheith bainte amach sna blianta atá amach romhainn.

Méala mór bás an Ollaimh Anders Ahlqvist dúinn, a d'imigh ar shlí na fírinne i mbliana. D'fhóin an tOllamh Ahlqvist mar Chathaoirleach ar Bhord Rialaithe an Léinn Cheiltigh ann ó 2005 i leith. Bhí gairm bheatha den scoth bainte amach ag an Ollamh Ahlqvist, fuair sé PhD i nDún Éideann, caith sé seal in Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, agus blianta fada ina dhiaidh sin in OÉ Gaillimh. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

Agus sinn ag brathrú siar ar 2018, tá roinnt éachtaí suntasacha a sheasann amach dúinn:

Cuireadh **DAIR** (DIAS Access to Institutional Repository) [Rochtain ar Thaisclann Institiúideach DIAS] i mbun, stór institiúideach d'fhoilseacháin taighde, tionscnamh de chuid Leabharlann an Léinn Cheiltigh, ina ndéanfar sárthaispeántas den aschur taighde a dhéanann na hOllúna, an fhoireann agus na scoláirí ar fad san Institiúid. Is éard atá á choimeád sa taisclann ná cóipeanna leictreonacha de pháipéir acadúla, bíodh siad sin réamhphriontaí (páipéar oibre nó leagan de pháipéar a chuirtear isteach le haghaidh piarmheasúnú) nó iarr-phriontaí (an leagan deiridh piarmheasúnaithe, a bhfuiltear tar éis glacadh leis le bheith curtha i gcló) nó ábhar comhchosúil amhail caibidlí leabhair, páipéir chomhdhála, páipéir oibre, tuarascálacha teicniúla agus araile.

ARIEL Roghnaigh an ESC spásárthach an Atmospheric Remote-sensing Infrared Exoplanet Large-Survey [an tSuirbhé Mhór Infridhearg Atmaisféarach Ciandbhraiteachta Eiseapláinéid] (ARIEL) i mí an Mhárta 2018 mar an chéad mhisean eolaíochta meán-aicmiú eile a bheith aige. Tá sé beartaithe le bheith seolta in 2026. Beidh foireann Réaltfhisic DIAS freagrach as na scoláirí agus scagairí léis uile.

Chairmans Statement (continued)

In September Trinity College Dublin's commemorated the anniversary with a conference called **Schrödinger at 75—The Future of Biology**. The main aim of the conference was to recapture the spirit of Schrödinger's lectures, in hosting 6 Nobel prize winners to address the burning issues around Biology today.

The Key Note, Schrödinger Lecture of this year was given by Professor Christof Koch, and spoke to the future of consciousness. DIAS was delighted to participate with a Key Note introduction provided by CEO and Registrar Dr Eucharia Meehan. Professor Werner Nahm, the current Head of Theoretical Physics contributing to the closing of the conference and he spoke on Schrödinger and his excellent communication skills.

Internally, DIAS marked the event with the School of Theoretical Physics' 2018 Statutory Public Lecture, which was given by Professor Terry Rudolph at the Royal Irish Academy. Professor Rudolph, the grandson of Erwin Schrödinger also participated in a small ceremony at the Little Museum, where DIAS loaned the letter from Francis Crick (who in partnership with James Watson discovered the double helix, the twisted-ladder structure of DNA) to his grandfather for public display.

As part of the 75th Anniversary we were also delighted to be a part of the "Thinking outside the Box" documentary that aired on RTÉ. The documentary gave a brief introduction as to how Schrödinger ended up in Ireland and the seminal impact of his work here.

http://www.newdecade.ie/portfolio/schrodinger/

I will take this opportunity to thank Professor Luke Drury for his tireless dedication to the institute, following his retirement in June of 2018. Professor Drury, a Senior Professor in Astrophysics for 32 years, has made major contributions to theoretical plasma physics. He has published over 220 refereed papers and his work is highly regarded, receiving over 15,000 citations. Professor Drury led DIAS Astrophysics through challenging times and has ensured that Dunsink Observatory has been maintained and protected. The Section has experienced some expansion as a result of the strong international reputation and intellectual environment that Professor Drury has nurtured over the years. One of his last Acts as Head of Section was to ensure that DIAS Dunsink Observatory was identified by the European Physical Society (EPS) as an Historical Site on June 23. A plaque to commemorate the designation was unveiled by Mary Mitchell O'Connor TD, Minister of State for Higher Education, and Professor Rüdiger Voss, President of the European Physical Society.

As Professor Drury, took a step down, we were able to warmly welcome Professor Peter Gallagher as a Senior Professor and Head of Astronomy and Astrophysics to DIAS. Professor Gallagher has had a strong career to date with Trinity College Dublin, as well as heading up the development of Ireland's first major modern astronomy facility, the Irish Low Frequency Array (I-LOFAR) at Birr Castle in Co. Offaly. Professor Gallagher has brought an active research group to DIAS, focusing on the areas of solar physics and space weather.

He has ambitious plans in relation to not only the section, but also the development of DIAS Dunsink Observatory and we look forward to what we hope will be impressive advances in the years to come.

We regret deeply the passing of Professor Anders Ahlqvist, in this year. Professor Ahlqvist served as Chairman of its Governing Board of Celtic Studies from 2005. Professor Ahlqvist had a distinguished career in Celtic Studies, following a PhD at Edinburgh with a spell at Dublin Institute for Advanced Studies, and many years at NUI Galway. Ar dheis Dé go raibh a anam uasal.

When we look back at 2018, some notable achievements stand out:

The launch of **DAIR**, (DIAS Access to Institutional Repository), an initiative of the School of Celtic Studies Library, is an institutional repository of research publications which showcases the research output of professors, staff and scholars from across the entire Institute. The repository holds electronic copies of academic papers, which can be either preprints (a working paper or the version of a paper submitted for peer review) or postprints (the final peer reviewed version, which has been accepted for publishing) or similar material such as book chapters, conference papers, working papers, technical reports and so on.

Ráiteas an Chathaoirligh (ar lean)

Cuibhreannas d'institiúidí Eorpacha atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc, san Iodáil, san Íslitír, i bPoblacht na Seice, sa Pholainn, sa Bheilg, san Ostair, sa Dhanmhairg, sa Phortaingéil agus in Éirinn a rinne ARIEL a fhorbairt. Treiseofar na naisc idirnáisiúnta atá againn mar gheall air seo, go deimhin, ach go háirithe beimid ag obair go dlúth le hOllscoil Phrág agus leis na Saotharlanna Rutherford Appleton in Oxford, toisc go bhfuilimid i dteannta a chéile freagrach as an optaic choiteann, mar a thugtar air.

iMARL: Seoladh iMARL (Insitu Marine Laboratory for geosystems Research) [(Saotharlann Muirí In Situ i gcomhair an Taighde Gheochórais)] an 18 Aibreán i bhfoirgneamh Choimisinéirí Soilse na hÉireann i nDún Laoghaire. Seán Kyne, an tAire Stáit um Ghnóthaí Tuaithe agus Acmhainní Nádúrtha, a sheol an Bonneagar náisiúnta seo. Labhair Ard-Stiúrthóir SFI an tOllamh Mark Ferguson agus Stiúrthóir GSI, Koen Verbruggen ag an seoladh freisin. Cuirfidh iMARL breathnuithe díreacha fadtéarmacha ar an idirghníomhaíocht idir an aigéan agus an Domhan soladach ar fáil. Éascóidh an trealamh an tógáil d'íomhánna réigiúnacha 3T fo-dhromchla, braite i bhfad níos fearr ar chreathanna talún amach ón gcósta, an cumas chun súnámaithe a bhrath agus geolaíocht an domhain agus na mara a chomhtháthú. Mar thoradh air seo beidh tuiscint níos fearr ann ar conas a idirghníomhaíonn talamh agus duibheagán an domhain lena chéile, i bhfad amach ón gcósta. Rinne Geoifisic DIAS an tsaoráid a óstáil agus ba é SFI a rinne í a mhaoiniú, le tacaíocht ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (www.imarl.ie)

ESO: Rinneadh Éire ina comhalta de Réadlann Spáis na hEorpa go hoifigiúil ar an 1 Deireadh Fómhair. D'fhógair an Rialtas go raibh an tOllamh Tom Ray ón DIAS ceaptha mar ionadaí na hÉireann ar Chomhairle ESO.

Mar thoradh air sin, anois tá rochtain againn ar shaoráidí den scoth agus is féidir linn cláir a threorú ar ábhair dála fhisic an ghéis agus an deannaigh sna réaltra, bhreith na réaltaí agus na bpláinéad, idirghníomhú na ndúpholl le réaltaí coimhthíocha i córais dhéréalta, agus an tslí inar cruthaíodh na gcéad réaltraí.

Mar bhuile scoir, thar ceann gach uile dhuine in DIAS, aithnímid obair chrua agus díograis na mball a fhreastalaíonn ar Chomhairle DIAS agus ar bhoird Rialaithe na Scoileanna don fhoireann acadúil ardchaighdeáin atá toilteanach a gcuid ama agus saineolais a chur ar leataobh chun cuidiú linn inár n-iarrachtaí. Ár mbuíochas ó chroí as an tacaíocht leanúnach atá faighte uathu. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil lenár gcomhaltaí idirnáisiúnta a thagann anseo cúpla uair sa bhliain go dtí Baile Átha Cliath le haghaidh cruinnithe agus imeachtaí eile.

Leanfaidh DIAS ar aghaidh leis an fhorbairt ar aon dul leis an straitéis nua. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach aon duine a raibh baint acu le DIAS, as an obair taighde ar thús cadhnaíochta atá déanta acu agus as a dtiomantas chun próifíl DIAS a ardú, ar bhonn áitiúil agus náisiúnta, agus go hidirnáisiúnta fiú.

Chairmans Statement (continued)

ARIEL The Atmospheric Remote-sensing Infrared Exoplanet Large-survey (ARIEL) spacecraft was selected by ESA in March 2018 as it's next medium-class science mission. It is due for launch in 2026. DIAS Astrophysics will be responsible for all beam splitters and filters. ARIEL has been developed by a consortium of European institutes based in the UK, France, Italy, the Netherlands, the Czech Republic, Poland, Belgium, Austria, Denmark, Portugal as well as Ireland. This, of course, will strengthen our international links but in particular we will be working particularly closely with the University of Prague and the Rutherford Appleton Laboratories in Oxford, as collectively we are responsible for the so-called common optics.

iMARL: iMARL (Insitu Marine Laboratory for geosystems Research) was launched on the 18th April in the Commissioners of Irish Lights building in Dun Laoghaire. Seán Kyne, Minister for State of Rural Affairs and Natural Resources, launched this national Infrastructure. SFI Director General Prof Mark Ferguson and GSI Director, Koen Verbruggen also spoke at the launch. iMARL will provide direct long term observations of the interaction between the ocean and solid Earth. The equipment will facilitate the constructing of regional 3D sub-surface images, much improved detection of off-shore earthquakes, the ability to detect tsunamis and the integration of solid earth and marine geoscience. This will lead to a better understanding of how the land and the deep ocean interact with one another, far offshore. The facility hosted by DIAS Geophysics and funded by SFI with support from the Geological Survey, Ireland (www.imarl.ie)

ESO: Ireland officially became a member of the European Space Observatory on the 01st October. The Government announced the appointment of Prof Tom Ray from the DIAS as the Irish representative on the ESO Council.

Arising from this, we now have access to world-class facilities and we can lead programmes on such topics as the physics of the gas and dust in our galaxy, the birth of stars and planets, the interaction of black holes with exotic stars in binary systems, and the formation of the first galaxies.

Finally on behalf of DIAS as a whole we recognise the hard work and dedication of the members who serve on the DIAS Council and Governing School boards. To the academics of distinction who are willing to give of their time and expertise to our endeavours. Our sincere gratitude for their continuing support. Also a particular note of thanks to our international members who travel a few times a year to Dublin for meetings and other events.

DIAS will continue to develop on the back of the new strategy. I would like to thank everyone involved at DIAS for not only their frontier research work but their dedication to raising DIAS' profile, locally, nationally and internationally.

Ráiteas an Chláraitheora & POF

Mar an chéad institiúid ard-léinn san Eoraip, ón tráth ar bunaíodh é go dtí seo, beagnach 80 bliain ó shin, meallann DIAS cuid de na scoláirí is fearr atá ar fáil in Éirinn agus ar fud an domhain; agus déanann sé taighde ar thús cadhnaíochta den scoth a stiúradh agus a fheidhmiú, as a thagann fionnachtana móra san eolaíocht, agus fágann sé sin go léir go bhfuil sé ag baint amach an misean atá aige mar eagraíocht.

Faoin straitéis nua atá againn don tréimhse 2018-2022, táimid chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna móra taighde chun léargas a fháil ar an tSochaí Cheilteach agus ar an oidhreacht atá aici, chun cur leis an tuiscint atá againn ar ár bplainéad féin agus ar an gcruinne iomlán agus chun na prionsabail bhunúsacha atá taobh thiar den nádúr a nochtadh chomh maith. Beifear ag cur leis an oidhreacht shaibhir ata againn leis an straitéis nua atá againn, agus beifear ag lorg réimsí nua spéise leis chomh maith, agus ar an mbealach sin déanfar cinnte de go leanfar leis an DIAS fionnachtana a dhéanamh a mbeidh tionchar acu don chine daonna san fhadtéarma.

DIAS hosted the International Women's Forum (Irish Chapter) at DIAS Dunsink Observatory in Summer 2018.

Reáchtáil DIAS Fóram Idirnáisiúnta na mBan (Caibidil na hÉireann) ag Réadlann Dhún Sinche DIAS i rith an tsamhraidh in 2018.

Tá lúcháir orm a fheiceáil go raibh fás ann in 2018, ní amháin fíon líon Taighdeoirí atá againn, ach sa líon Cuairteoirí Taighde a bhí ann I mbliana chomh maith. Tá súil agam go leanfar leis an treocht seo sna blianta beaga atá amach anseo sna réimsí uile. Baineann an chuid is mó den fhás seo leis an gcáil idirnáisiúnta atá orainn, de bharr nach as Éire iad roinnt mhaith de na Scoláirí agus de na comhaltaí. Amach anseo leagfar béim ar an gcothromaíocht inscne laistigh den institiúid a fheabhsú, agus chun ár gcomhpháirtíochtaí a mhéadú i raon leathan réimsí, chun forfheidhmiú ár straitéise nua a chur chun cinn.

Ní mór tuiscint níos fearr a bheith ann ar na gníomhaíochtaí a dhéanann an DIAS chomh maith leis an tionchar atá aige, agus sin é an fáth go bhfuilimid ag obair lena chinntiú go leanfar ar aghaidh le fás a bheith ag teacht faoin tionchar dearfach atá againn, ní hamháin ar fud an domhain, ach ar gceantar áitiúil chomh maith.

Ní mór go mbeadh an obair iontach agus ceannródaíoch a dhéantar sa DIAS sna disciplíní éagsúla atá ann tiontaithe ina dtionscnaimh eolais ghinearálta ar nós Samhain agus Science [An Eolaíocht], chomh maith le páirt a ghlacadh gach uile bhliain i bhféilte sa cheantar áitiúil agus beidh sé de chuidiú dúinn é sin uile a dhéanamh an sraith de léachtaí poiblí Reachtúla dár gcuid a fhorbairt.

Cuirfear leis na spriocanna atá againn sa réimse seo le forbairt straitéise cumarsáide chomh maith, agus beidh an athnuachan branda atá déanta againn le déanaí le DIAS a chur ar aghaidh mar institiúid chomhtháite.

Beidh gá ann san aonú haois is fiche go mbeadh láithreacht chumarsáide láidir i meáin chumarsáide thraidisiúnta chomh maith leis na meáin digiteacha agus na meáin sóisialta.

Statement of Registrar & CEO

Ever true to its mission since its establishment, almost 80 years ago, as the first institute for advanced studies in Europe, DIAS attracts some of Ireland's and the world's best scholars; and it champions and performs excellent frontier research, leading to major scientific breakthroughs.

Under our new 2018-2022 strategy we will further tackle big research questions to gain insights to Celtic Society and its legacy, to progress our understanding of our planet and the universe and to decipher the underpinning mathematical principles of nature. Our new strategy will build on our rich legacy, as well as pursue new areas of interest, ensuring DIAS will continue to make discoveries that have long-term impact for humankind.

In 2018 I am delighted to see a growth not only in our Researcher numbers, but also in Research visitors. I hope this trend will continue into future years for all sections. The majority of this growth is linked with our international reputation, as many of the new Scholars and fellows are from outside Ireland. A focus going forward will be to enhance the gender balance within the institute, and to increase our partnerships in a broad range of areas, to advance the implementation of our new strategy.

DIAS' activities and impacts must be better understood and so we are working to ensure that our positive contribution continues to grow not just globally but locally. DIAS' fantastic and seminal accomplishments in its various disciplines must become general knowledge initiatives such as Samhain agus Science, in addition to annual participation in local festivals and evolving of our Statutory public lectures series will aid us in these endeavours.

The development of a communications strategy will further our goals in this area also, and our recent brand refresh will help DIAS move forward as an integrated institution.

The twenty-first century calls for a strong communications presence in traditional as well as digital and social media channels. Our audiences both nationally and globally in these new areas continues to grow.

In 2018 we were honoured to welcome the late DG Yukiya Amano of the International Atomic Energy Agency, who gave a keynote address on "IAEA: Atoms for Peace and Development" as part of his visit to Ireland. DIAS hosted members of the diplomatic corps and guests from the Department of Foreign Affairs and Trade, and a range of other government agencies on that occasion.

Dr Eucharia Meehan speaking at What is Life Conference hosted by Trinity College Dublin in the National Concert Hall in September 2018.

An Dr Eucharia Meehan ag labhairt ag an gComhdháil *What is Life* a d'eagraigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus a reáchtáladh sa Cheoláras Náisiúnta i Meán Fómhair 2018.

Ráiteas an Chláraitheora & POF (ar lean)

Tá an lucht féachana agus éisteachta atá againn, sa tír seo agus ar fud na cruinne chomh maith, ag fás i gcónaí.

Ba mhór an onóir dúinn in 2018 fáilte a chur roimh DG Yukiya Amano, nach maireann, ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach, a thug eochairléacht ar "IAEA: Atoms for Peace and Development" [An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach: Adaimh don Síocháin agus don Fhorbairt] mar chuid dá chuairt go hÉirinn. Bhí DIAS ina óstach do chomhaltaí den chór taidhleoireachta agus d'aíonna ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, chomh maith le roinnt gníomhaireachtaí rialtais eile ar an ócáid sin.

Tugadh na haíonna seo a leanas cuairt orainn le linn 2018 freisin:

- A Oirirce, an Dr Helmut Freudenschuss, Ambasadóir na hOstaire in Éirinn
- A Oirirce, an tUasal Miguel Malfavón, Ambasadóir Mheicsiceo in Éirinn
- A Oirirce, Vijay Thakur Singh, Ambasadóir Phoblacht na hIndia in Éirinn

Chomh fada is a bhaineann le hoideachas sna Scoileanna, ar mhaithe lenár ndisciplíní, ar leibhéal náisiúnta, reáchtáil Scoil na Fisice Teoiriciúla agus Scoil an Léinn Cheiltigh seimineáir i rith na bliana, a raibh idir chainteoirí náisiúnta agus chainteoirí idirnáisiúnta i láthair acu. I rith na tréimhse seo d'fhoilsigh Scoil an Léinn Cheiltigh trí leabhar agus príomh-irisleabhar an Léinn Cheiltigh, Celtica:

DIAS hosted the GENERA Consortium meeting in May 2018.
Reáchtáil DIAS cruinniú Chuibhreannas GENERA i mBealtaine 2018.

Chomh maith leis sin, reáchtáil Scoil na Fisice Cosmaí, na ranna Réalteolaíochta & Réaltfhisice agus Geoifisice léachtaí go rialta.

Cuireadh dlús leis an obair atá ar bun againn le scoileanna freisin. I Meán Fómhair leag SEA SEIS agus Roinn na Geoifisice roinnt seismiméadar ar bhun aigéan an Atlantaigh. Tugadh cuireadh do mhic léinn ó gach chearn d'Éirinn chun páirt a ghlacadh i gcomórtas chun ainm a chuma do na seismiméadair roimh dóibh a bheith imlonnaithe.

Tháinig fás faoi rannpháirtíocht ár scoileanna chomh maith. Chuir SEA SEIS roinnt seismiméadair bun farraige i mbun san Atlantach i mí Mheán Fómhair. Tugadh cuireadh do mhic léinn ó gach chearn d'Éirinn chun páirt a ghlacadh i gcomórtas chun ainm a chuma do na seismiméadair roimh dóibh a bheith imlonnaithe.

Mar fhocal scoir, ba in 2018 a chuaigh Éire isteach mar bhall de Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas (ESO), agus bhí sé sin an-suntasach do na glúnta de thaighdeoirí DIAS a bheidh ann amach anseo, agus do na taighdeoirí Réalteolaíochta agus Réaltfhisice uile in Éirinn. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an Ollamh Tom Ray as a cheapachán mar ionadaí thar cheann na hÉireann ar Chomhairle Eolaíochta an ESO.

Tá tuilleadh eolais faoin obair agus faoi na gníomhaíochtaí spéisiúla atá ar bun ag na Scoileanna le fáil sa tuarascáil seo agus molaim daoibh féachaint ar na rannóga seo.

Táimid ag tnúth go mór le bheith ag obair i gcomhar a chéile libh go léir in 2019, bliain a bheidh chomh táirgiúil agus chomh spéisiúil is mar a bhí i mbliana, le cúnamh Dé.

Statement of Registrar & CEO (continued)



Professor Erwin Schrödinger's lecture notes on display at the What is Life Conference, hosted by Trinity College Dublin in the National Concert Hall in September 2018.

Nótaí léachta An tOllamh Erwin Schrödingers ar taispeáint ag an gComhdháil What is Life a d'eagraigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus a reáchtáladh sa Cheoláras Náisiúnta i Meán Fómhair 2018.

We were also in 2018 visited by:

- His Excellency Dr. Helmut Freudenschuss, Ambassador of Austria to Ireland
- His Excellency Mr. Miguel Malfavón, Ambassador of Mexico to Ireland
- Her Excellency Vijay Thakur Singh, Ambassador of the Republic of India to Ireland

In terms of education in the Schools, for the benefit of our disciplines nationally the School of Theoretical Physics and the School of Celtic Studies held seminars over the course of the year, involving both national and international speakers. Celtic Studies in this timeframe published three books and the leading Celtic Studies journal, Celtica.

The School of Cosmic Physics, both Astronomy & Astrophysics and Geophysics also held regular lectures.

Our schools engagement also grew. A number of ocean bottom seismometers were deployed in the Atlantic by SEA SEIS in September by DIAS Geophysics. Students from across Ireland were invited to participate in a competition to help name the seismometers before deployment.

Finally 2018 was when Ireland joined the European Southern Observatory (ESO), and this was hugely significant for future generations of DIAS researchers, and for all Irish Astronomy and Astrophysics researchers. I congratulate Professor Tom Ray on his appointment as Ireland's representative on the ESO Scientific Council.

More details on the interesting outputs and activities of the Schools can be found in this report and I strongly encourage you to view those sections.

We look forward to engaging with you all for an equally productive and interesting 2019.

Journal of Engagements/Dialann Imeachtaí

January 23rd Her Excellency Ambassador Vijay Thakur Singh, Ambassador of the Republic of India Embassy of India in Ireland visited DIAS on the 23rd of January as part of a conference hosted by the School of Theoretical Physics titled: **Quantum Physics: Fields, Particles & Information Geometry** is organised in honour of A. P. Balachandran on the occasion of his 80th birthday. (l-r Professor Denjoe O'Connor, Prof. A. P. Balachandran, Ambassador Vijay Thakur Singh, Professor Werner Nahm).

An 23 Eanáir A Oirirce an tArd-Ambasadóir Vijay Thakur Singh, Thug Ambasadóir Phoblacht na hIndia in Éirinn cuairt ar DIAS an 23 Eanáir mar chuid de chomhdháil a d'eagraigh Scoil na Fisice Teoiriciúla dar teideal: **An Fhisic Chandamach: Réimsí, Cáithníní & Geoiméadracht na Faisnéise Eagraítear** ar eagraíodh é in onóir A. P. Balachandran chun a 80ú bhreithlá a chomóradh. (ó chlé go deas, an tOllamh Denjoe O'Connor, an tOllamh A. P. Balachandran, an tAmbasadóir Vijay Thakur Singh, an tOllamh Werner Nahm).

March 15th Austrian Ambassador, His Excellency Dr. Helmut Freudenschuss visited DIAS, where he met with researchers from each of the Schools and reviewed the legacy of former DIAS Professor, Erwin Schrödinger. (l-r Professor Werner Nahm, Ambassador Dr. Helmut Freudenschuss, Dr Eucharia Meehan, Professor Luke Drury).

An 15 Márta Thug Ambasadóir na hOstaire, a Oirirce an Dr. Helmut Freudenschuss cuairt ar DIAS, áit ar bhuail sé le taighdeoirí ó gach aon cheann de na Scoileanna ann agus rinne sé athbhreithniú ar oidhreacht an iar-Ollamh sa DIAS, Erwin Schrödinger. (ó chlé go deas an tOllamh Werner Nahm, an tAmbasadóir an Dr. Helmut Freudenschuss, an Dr Eucharia Meehan, an tOllamh Luke Drury).

April 10th Mr Richard Moat was formally welcomed as a Friend of DIAS. (l-r Professor Dervilla Donnelly & Richard Moat).

An 10 Aibreán Tugadh fáilte roimh an Uasal Richard Moat mar Chara de chuid DIAS go foirmeálta. (ó chlé go deas an tOllamh Dervilla Donnelly & Richard Moat).

December 12th Forecasting the unpredictable: earthquake science in a crowded world" by Prof. John McCloskey of the University of Edinburgh, organised by DIAS and held in the Schrödinger theatre, Trinity College Dublin on 12 December.

An 12 Nollaig *Forecasting the unpredictable: earthquake science in a crowded world* leis an Oll. John McCloskey ó Ollscoil Dhún Éideann, eagraithe ag DIAS agus reáchtáilte i dtéatar Schrödinger, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar an 12 Nollaig.



June 13th Schrödinger's grandson, Professor Terry Rudolph, met with Ruairí Ó Cuív, grandson of Éamon de Valera at a special event organised by DIAS in the Little Museum of Dublin. The event took place as part of a year-long programme of DIAS events marking the 75th anniversary of Schrödinger's famous 'What is Life?' lecture series.

An 13 Meitheamh Bhuail garmhac Schrödinger, an tOllamh Terry Rudolph, le Ruairí Ó Cuív, garmhac de chuid Éamon de Valera ag ócáid speisialta a d'eagraigh an DIAS i Músaem Beag Bhaile Átha Cliath. Bhí an ócáid mar chuid de chlár bliana d'imeachtaí DIAS chun 75 bliain a chomóradh ón uair ar tugadh an tsraith cháiliúil léachtaí sin de chuid Schrödinger ar a dtugtar 'What is Life?' [Cad é an Saol?].

June 23rd Dunsink Observatory was selected by the European Physical Society (EPS) as a site of historical significance primarily in recognition of the genius of Sir William Rowan Hamilton, who lived and worked at Dunsink from 1827 until his death in 1865. (l-r Prof. Luke Drury, Rüdiger Voss (President of the EPS), Mary Mitchell-O'Connor T.D., Prof Vincent Cunnane, Dr Eucharia Meehan, Cllr. Anthony Lavin (Fingal County Council Mayor).

An 23 Meitheamh Roghnaigh an European Physical Society [Cumann Fisice na hEorpa] (EPS) Réadlann Dhún Since mar shuíomh a bhfuil tábhacht stairiúil leis, go háirithe mar aitheantas ar an saineolaí An Tiarna William Rowan Hamilton, a mhair agus a d'oibrigh i nDún Since ó 1827 go dtí go bhfuair sé bás in 1865. (ó chlé go deas an tOllamh Luke Drury, Rüdiger Voss (Uachtarán an EPS), Mary Mitchell-O'Connor TD, an tOllamh Vincent Cunnane, an Dr Eucharia Meehan, an Comhairleoir Anthony Lavin (Méara Chomhairle Contae Fhine Gall).

November 2nd 'Poetry on the edge: marginal verses in mediaeval Irish manuscripts' was presented by DIAS Senior Professor Liam Breatnach as part of the Tionol conference.

An 2 Samhain Thug an tOllamh Sinsearach den DIAS Liam Breatnach, an léacht 'Poetry on the edge: marginal verses in mediaeval Irish manuscripts' ['An Fhilíocht ar an imeall: rannta imeallacha i lámhscríbhinní meánaoiseacha'] mar chuid den chomhdháil Tionól.

20 June 2018 Professor Xavier Barcon, President of the European Southern Observatory (ESO), keynote speaker at the 2018 DIAS School of Cosmic Physics Summer School.

An 20 Meitheamh 2018 An tOllamh Xavier Barcon, Uachtarán na Réadlainne Eorpaí sa Leathsféar Theas (ESO), an príomhchainteoir ag Scoil Samhraidh Fisic Chosmach 2018 DIAS.

Journal of Engagements/Dialann Imeachtaí (continued)



July 19th As part of the Festival of Curiosity, DIAS Dunsink Observatory hosted an event titled "The Moon Cycle". Cyclists travelled by moonlight out from town and along the Royal Canal to the Observatory. There were a number of speakers on the night, and guests had the opportunity to view the moon through a number of historic and more contemporary telescopes.

An 19 Iúil Mar chuid den Feistival of Curiosity [Féile ar an Fhiosracht], bhí Réadlann Dhún Since DIAS ina óstach d'ócáid dar teideal "The Moon Cycle" ["Ciogal na Gealaí"]. Chuaigh rothaithe amach ón mbaile faoi sholas na gealaí cois na Canála Ríoga go dtí an Réadlann. Bhí roinnt cainteoirí ann ar an oíche, agus bhí deis ag aíonna féachaint ar an ngealach le roinnt teileascóip, idir cinn stairiúla agus cinn nua-aimseartha araon.

July 30th John Halligan TD, Minister of State for Skills, Training, Innovation, Research and Development, unveiled a plaque to commemorate the contribution of Thomas Grubb to astronomy in Ireland and worldwide. (l-r John Halligan T.D., Dr Eucharia Meehan, Tom Parlon (Construction Federation of Ireland), Professor Tom Ray).

An 30 Iúil Rinne John Halligan TD, an tAire Stáit a bhfuil freagracht aige as Scileanna, an Oiliúint, an Nuálaíocht, Taighde agus an Fhorbairt, plaic a nochtadh chun comóradh a dhéanamh ar an méid a chuir Thomas Grubb le léann na réalteolaíochta in Éirinn agus ar fud an domhain. (ó chlé go deas John Halligan T.D., an Dr Eucharia Meehan, Tom Parlon (Cónaidhm Foirgníochta na hÉireann), an tOllamh Tom Ray).

04 October 2018 Festival of History event: Erwin Schrödinger - Ireland's adopted son, Pictured L-R Professor Luke O'Neill (biochemist), Dr Marianne Leitner (mathematician), Mr. Arthur Riordan (playwright), Dr Cormac O'Raifeartaigh (physicist & science historian), Dr Jessamyn Fairfield (physicist & comedian).

04 Deireadh Fómhair 2018 Imeacht Fhéile na Staire: Erwin Schrödinger - mac altrama na hÉireann, Sa ghrianghraf Clé-Deas An tOllamh Luke O'Neill (bithcheimiceoir), An Dr Marianne Leitner (matamaiticeoir), An tUasal Arthur Riordan (drámadóir), An Dr Cormac O'Raifeartaigh (fisiceoir & staraí eolaíochta), An Dr Jessamyn Fairfield (fisiceoir & fuirseoir).

October 19th The Everyone @DIAS day 2018 took place in Dunsink Observatory. This brought all schools and sections together for one day for institutional updates, as well as training.

An 19 Deireadh Fómhair Reáchtáladh Lá Do Chuile Dhuine @DIAS 2018 i Réadlann Dhún Since. Tugadh gach aon scoil agus rannóg le chéile ar feadh lá amháin le chun gach aon duine a chur ar an eolas is deireanaí faoin institiúid, agus chun oiliúint a chur ar fáil dóibh chomh maith.

His Excellency Mr. Miguel Malfavón, Ambassador of Mexico to Ireland, visited DIAS on Friday 20th July and met with Dr Eucharia Meehan (Registrar and CEO of DIAS) and Professor Denjoe O'Connor (Senior Professor in the School of Theoretical Physics). He also met Professor Jemal Guven (National University of Mexico) who is visiting the School at the moment.

Thug A Shoilse, an tUasal Miguel Malfavón, Ambasadóir na hÉireann i Meicsiceo, cuairt ar DIAS ar an Aoine, an 20ú Iúil áit ár bhuail sé leis an Dr Eucharia Meehan (Cláraitheoir agus POF DIAS) agus leis an Ollamh Denjoe O'Connor (Ollamh Sinsearach i Scoil na Fisice Teoiriciúla). Chomh maith leis sin, bhuail sé leis an Ollamh Jemal Guven (Ollscoil Náisiúnta Mheicsiceo) atá ar cuairt ar an Scoil i láthair na huaire.

2018 Publications The 3 books and 1 journal published by the School of Celtic Studies in 2018.

Foilseacháin 2018 Na 3 leabhar agus an t-aon iris amháin a d'fhoilsigh Scoil an Léinn Cheiltigh in 2018.

19 November 2018 DIAS Senior management at the DIAS 2018-2022 Strategy launch in *Cliff Townhouse*.

19 Samhain 2018 Foireann shinsearach DIAS ag seoladh Straitéis DIAS 2018-2022 sa *Cliff Townhouse*.

Followers: 01 January 2018
353
Followers: 31 December 2018
506
Follower Growth %
+43.3%
Impressions
56,087

Followers: 01 January 2018
0
Followers: 31 December 2018
36 (est)
Follower Growth %
N/A
Impressions
N/A

Followers: 01 January 2018
Unknown
Followers: 31 December 2018
1,136
Follower Growth %
N/A
Impressions
937*

**
Followers: 01 January 2018
702 (est)
Followers: 31 December 2018
1,206 (est)
Follower Growth %
+72%
Impressions
547,962

**(Jan-Sept numbers estimated based on median of views Oct, Nov, Dec)*
***(The Internet Archive used to gauge followers in Nov 2017. An average per month increase was calculated and added to this figure)*

School of Celtic Studies
Scoil an Léinn Cheiltigh

Scoil an Léinn Cheiltigh

Cailleadh an tOllamh Anders Ahlqvist, Cathaoirleach Bhord Stiúrtha Scoil an Léinn Cheiltigh i mí Lúnasa. Chaith a bhás tobann scáil mhór ar imeachtaí na Scoile. Ceapadh an tOllamh Ahlqvist ina Chathaoirleach den chéad uair sa bhliain 2005 agus athcheapadh é in 2010 agus arís in 2015. Fear de bhunadh na Fionlainne ab ea é agus bhí meas air mar scoláire i gcéin agus i gcóngar. Is mór a chuir sé leis an Léann Ceilteach agus is sár-Chathaoirleach ar Bhord Stiúrtha na Scoile a bhí ann. Cronófar go mór é.

Anders Ahlqvist

TAIGHDE

Lean Liam Breatnach de bheith ag obair ar Ghraiméar Meán-Ghaeilge agus réitigh sé roinnt páipéar le haghaidh a bhfoilsithe.

Bhí Ruairí Ó hUiginn ag obair ar eagrán den téacs *Oileamhain Chon Culainn agus Oidheadh Chonnlaoich mheic Con Culainn*, chríochnaigh sé alt ar chomhréir na Gaeilge agus réitigh roinnt léachtaí comhdhála le haghaidh a bhfoilsithe.

Chríochnaigh Barry Lewis dréacht dá eagrán de *Bonedd y Saint*, ginealaigh na naomh Breatnach.

Lean Aoibheann Nic Dhonnchadha dá taighde ar théacsanna leighis de chuid na Nua-Ghaeilge Moiche.

Lean Michelle O Riordan léi ag obair ar leabhar ar fhilíocht pholaitiúil lár na seachtú haoise déag.

Lean Brian Ó Curnáin lena chuid oibre ar ghnéithe éagsúla de shochtheangeolaíocht agus de chanúineolaíocht na Nua-Ghaeilge, monagraf ar Ghaeilge Oirthear na Gaillimhe, agus tras-scríobh agus eagrú ábhair thaifeadta le haghaidh thionscadal GLÓR.

Chuir Mícheál Hoyne bailchríoch ar eagrán de dhánta Sheifín Mhóir, file de chuid na cúigiú haoise déag maille le staidéar ar an aiste filíochta *brúilingeacht*. Tá sé i gceist an saothar seo a chur faoi bhráid Choiste na bhFoilseachán le haghaidh Shraith na Nua-Ghaeilge Moiche in 2019. Choinnigh sé air ag obair ar a eagrán den tráchtas gramadaí IGT III–IV agus chuir sé le Bunachar Fhilíocht na Scol leis an Dr Katharine Simms. Tá dréacht de *Clóliosta: printing in the Irish language 1571–1871, an attempt at narrative bibliography* réitithe aige in éineacht leis an Ollamh Richard Sharpe ó Ollscoil Oxford. Catalóg mhionsonraithe dhioscúrsach de gach foilseachán a cuireadh i gcló sa Ghaeilge in imeacht trí chéad bliain atá sa saothar seo.

Bronnadh Scoláireacht Uí Dhonnabháin ar Nike Stam agus tháinig sí chun na Scoile i Meán Fómhair 2018. Tá sí ag réiteach ailt ar an dátheangachas sa Luath-Ghaeilge agus ar an gcódmheascadh i dtráchtaireacht Mheán-Ghaeilge. Ina cheann sin, tá an tráchtaireacht ar Félire Óengusso atá sa lámhscríbhinn UCD A7 á cur in eagar aici.

Bronnadh Scoláireacht freisin ar Andrea Palandri a tháinig chun na Scoile i Meán Fómhair 2018. Tá sé ag réiteach eagráin agus aistriúcháin de scéal Marco Polo a scríobhadh i dtréimhse na Nua-Ghaeilge Moiche. Tá aiste ar an ábhar seo curtha faoi bhráid *Celtica* aige. Tá tras-scríobh déanta aige de chúig cinn de leaganacha lámhscríbhinne an dáin *Ris féin is measta Mac Cárthaigh* leis an Giolla Dubh mac Conchubhair Í Dhuinnín, dán nár cuireadh in eagar go dtí seo.

Roimh imeacht di i Mí an Mheithimh le dul i mbun poist iardhochtúireachta in Ollscoil Cambridge, lean Marie-Luise Theurkauf de bheith ag obair ar eagrán de dhinnsheanchas Temair agus ar an dinnsheanchas atá i Leabhar Buí Leacáin.

Bhí Sara Waidler ar déanamh taighde ar 'Stories of Saints: Medieval Irish Hagiographical Anecdota', an príomhthionscadal taighde a bhí idir lámha aici sa Scoil sular imigh sí ag deireadh Mhí Mheán Fómhair le tosú ar phost in Ollscoil Nua-Eabhrac. Tá súil aici an saothar seo a fhoilsiú mar leabhar. Bhí sí ag obair freisin ar alt 'The Medieval Cult of Relics in Wales and the Welsh Perceptions of Relics' agus ar eagrán, tras-scríobh agus aistriúchán de bheathaí Laidine Naomh Dáibhí na Breataine Bige, atá ar fáil i lámhscríbhinní Éireannacha, le haghaidh an tionscadail *Vitae Sanctorum Cambriae: The Latin Lives of the Welsh Saints* atá faoi stiúir Ollscoil Cambridge agus Canolfan Aberystwyth agus atá maoinithe ag AHRC na Breataine.

School of Celtic Studies

Activities in the School of Celtic Studies were overshadowed by the sudden and untimely death in August of the Chairman of its Governing Board, Professor Anders Ahlqvist. Professor Ahlqvist was first appointed Chair in 2005, being subsequently re-appointed in 2010 and 2015. A native of Finland, he was an internationally respected scholar and teacher who made a significant contribution to Celtic Studies and excelled in his role as Chair of the Governing Board. His loss is keenly felt.

RESEARCH

Liam Breatnach continued his work on a Grammar of Middle Irish, and on preparing a number of papers for publication.

Ruairí Ó hUiginn worked on preparing an edition of the text *Oileamhain Chon Culainn agus Oidheadh Chonnlaoich mheic Con Culainn*, completed an article on Irish syntax and prepared a number of conference presentations for publication.

Barry Lewis completed a draft of his edition of *Bonedd y Saint*, the Welsh saints' genealogies.

Aoibheann Nic Dhonnchadha continued research on Early Modern Irish medical texts.

Michelle O Riordan continued work on a book on Irish political poetry in the mid-seventeenth century.

Brian Ó Curnáin continued work on various aspects of Modern Irish sociolinguistics and dialect studies, including the preparation of a monograph on East Galway Irish, and the transcription and editing of recorded materials for the GLÓR project.

Mícheál Hoyne continued finalising an edition of the poems of the fifteenth-century poet Seifín Mór together with a study of the verse-form known as *brúilingeacht*, to be submitted to the Early Modern Irish Texts Series in 2019. He also continued work on his edition of the Classical Modern Irish grammatical tract IGT III-IV and further updated and expanded Dr Katharine Simms' Bardic Poetry Database (bardic.celt.dias.ie). Together with Professor Richard Sharpe of Oxford University, he has prepared a draft of *Clóliosta: printing in the Irish language 1571–1871, an attempt at narrative bibliography*, a detailed, discursive catalogue of all printed matter in Irish over three centuries.

Nike Stam joined the School as an O'Donovan Scholar in September 2018 and has been preparing an article that contains a case-study of her project on medieval Irish bilingualism and code-switching in a Middle Irish commentary text, and is editing the Commentary to the *Félire Óengusso* (Saints' Calendar of Óengus) from manuscript Dublin, UCD A 7.

Andrea Palandri likewise joined the School as O'Donovan Scholar in September 2018 and has been engaged in editing and translating the Early Modern Irish Travels of Marco Polo. A paper on this topic has been submitted for publication in *Celtica*. He also transcribed five manuscript sources of the fifteenth-century poem *Ris féin is measta Mac Cárthaigh* by An Giolla Dubh mac Conchubhair Í Dhuinnín, which has yet to be edited.

Marie-Luise Theuerkauf continued work on editing the *dindshenchas* of Temair (Tara), and her research on the *Dindshenchas* in the Yellow Book of Lecan prior to her leaving the Institute in May to take up a post-doctoral position at Cambridge University.

Ruairí Ó hUiginn, Chantal Kobel and Barry Lewis at the launch of Celtica 30.

Ruairí Ó hUiginn, Chantal Kobel agus Barry Lewis ag seoladh Celtica 30.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

Choinnigh Silva Nurmio uirthi ag obair ar theangeolaíocht na Breatnaise sular fhág sí an Scoil ag deireadh Mhí Lúnasa le glacadh le comhaltacht taighde sa bhFionlainn.

Lean Chantal Kobel dá cuid taighde ar an lámhscríbhinn TCD H 3.18 (1337). Cuimseoidh an staidéar seo eagráin de roinnt téacsanna maille le suirbhé cóidéacseolaíochta agus catalóg nua. Ina cheann sin, bhí sí ag réiteach roinnt aistí lena gcur i gcló.

MEAMRAM PÁIPÉAR RÍOMHAIRE (MPR/ISOS)

Lean an obair ar thionscadal Meamram Páipéar Ríomhaire faoi stiúir Anne Marie O'Brien. Cuireadh an 400ú lámhscríbhinn ar an suíomh i gcaitheamh na bliana, cloch mhór mhíle i scéal an tionscadail. Léiriú ar ardiomrá MPR is ea gur tugadh cuairt ar an suíomh 5,349,381 uair i gcaitheamh 2018.

Cuireadh 12 lámhscríbhinn eile de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann ar an suíomh i gcaitheamh na bliana, (MS 23 D 2, MS 23 M 25, MS 23 M 26, MS 23 M 27, MS 23 M 28, MS 23 M 29, MS 23 M 30, MS 23 M 31, MS 23 M 32, MS 23 M 33, MS 23 M 34, MS 24 L 6.) rud a fhágann go bhfuil 97 lámhscríbhinn de chuid ARÉ ar shuíomh ISOS anois.

Chuaigh an Scoil i mbun pairtnéireachta nua le Cartlann na nÍosánach, agus tá an chéad lámhscríbhinn de na naoi gcinn ansin, IL 1, ar shuíomh MPR anois. Lámhscríbhinn í seo a bhfuil ceangal leathair uirthi agus armas easpagóideach Sheáin Uí Bhriain, Easpag Chluana agus Rois (1748–67) ar an gclúdach. Cóip de Foras Feasa ar Éirinn le Séathrún Céitinn, maille le dánta agus ginealaigh a bhaineann le Muintir Bhriain atá sa lámhscríbhinn seo a bhreac Mícheál Ó Longáin.

Blogh de lámhscríbhinn fhíorspéisiúil ar thángthas uirthi le deireanas 'Blogh Avicenna'. Rinneadh digitiú uirthi i gcaitheamh na bliana. Anuas go dtí Lúnasa 2018 is mar chlúdach ar leabhar clóbhuailte ón séú haois déag a baineadh leas as an mbifolium seo. Is éard atá ann, blogh de thráchtas leighis Avicenna (c.980–1037) a aistríodh ó leagan Laidine Gerard Cromona (†1187) go Gaeilge tar éis a ghiorraithe, méid áirithe. Chomh fada agus is eol dúinn, níl teacht ar leagan eile Gaeilge de thráchtas Avicenna. Tá cur síos ar an mblogh seo a réitigh an tOllamh Aoibheann Nic Dhonnchadha, Scoil an Léinn Cheiltigh, agus an tOllamh Pádraig Ó Macháin, Coláiste na hOllscoile Corcaigh ar an suíomh leis an íomhá. Tarraingíodh aird an phobail air seo i roinnt tuairiscí nuachtáin in Éirinn agus sa Bhreatain.

Rud mór eile a chuir ISOS i gcrích i gcaitheamh na bliana gur digitíodh dhá lámhscríbhinn dlí atá i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Imleabhar ina bhfuil tráchtais éagsúla dlí a bhaineann leis an gcnuasach cáiliúil an Senchas Már atá i TCD 1336 (H 3.17). Is léiriú ar a thábhachtaí is atá an lámhscríbhinn mar fhoinse do na seandlithe go bhfuil lán 481 leathanach – an cúigiú cuid den saothar iomlán – gafa leis an eagrán dioplómaitiúil de H 3.17 a d'fhoilsigh D. A. Binchy ina *Corpus Iuris Hibernici*. Lámhscríbhinn mhór í TCD MS 1337 (H 3.18) atá ceangailte in 25 imleabhar. Tiomsúcháin agus bloghanna éagsúla, blúirí meamraim agus páipéir a scríobhadh sa chúigiú agus sa séú haois déag atá sa lámhscríbhinn seo. Tá cáil ar 1337 (H 3.18) i ngeall ar a liacht tráchtas dlí a scríobhadh den chéad uair i dtréimhse na Sean-Ghaeilge atá inti, leithéidí *Uraicecht Becc* and *Críth Gablach*. Níl againn de chuid de na téacsanna seo ach a bhfuil in 1337 (H 3.18).

Avicenna fragment. Blogh Avicenna.

De bhrí gur tosaíodh ar na lámhscríbhinní tábhachtacha seo Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a dhigitiú, thug Anne Marie O'Brien agus Caoimhe Ní Ghormáin (Leabharlannaí Cúnta i Leabharlann na Lámhscríbhinní agus na gCartlann i gColáiste na Tríonóide) caint ag comhdháil dhá lá a d'eagraigh Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha sa choláiste seo i Mí na Bealtaine 2018. 'The Library of Trinity College Dublin and the ISOS Project' ba theideal don chaint acu.

BIBLEAGRAFAÍOCHT

Le linn na bliana 2018 choinnigh Alexander Guilarte air ag obair ar thiomsú an *Bibliography of Irish Linguistics and Literature (/BILL/),* trí iontrálacha nua a chur isteach ann chomh maith le léirmheasanna breise a chur leis, a chinntiú gur tagairtí reatha a bhí sna tagairtí d'irisí, agus bearnaí sa leabharliosta a aimsiú agus a líonadh. Baineadh leas as acmhainní ar nós *BRILL Linguistic Bibliography* agus an MLA International Bibliography WFT, ar tugadh cead rochtana do Leabharlann na Scoile orthu ar feadh tréimhse le linn 2018.

School of Celtic Studies (continued)

Sarah Waidler, who departed at the end of September to take up a position in New York University, conducted research for 'Stories of Saints: Medieval Irish Hagiographical Anecdota', her main project at DIAS, which she hopes to publish as a monograph. She also worked on an article 'The Medieval Cult of Relics in Wales and the Welsh Perceptions of Relics', and on an edition, transcription and translation of the Latin Lives of St David of Wales in Irish manuscripts for the AHRC-funded project *Vitae Sanctorum Cambriae: The Latin Lives of the Welsh Saints* (University of Cambridge and Centre for Advanced Welsh and Celtic Studies, Aberystwyth).

Silva Nurmio, who left the School at the end of August to take up a research fellowship in Finland continued her work on Welsh linguistics.

Chantal Kobel Continued research on TCD MS H 3.18 (1337), which includes preparing new editions of a number of texts, a codicological survey and production of a new catalogue, and continued preparing a number of papers for publication.

IRISH SCRIPT ON SCREEN (ISOS)

The development of the School's Irish Script On Screen project continued under the direction of Anne Marie O'Brien. A major milestone was reached during the year with the digitisation of its 400th manuscript to go live on the website. The high profile of ISOS is reflected in the fact that the total number of hits to the website during 2018 amounted to 5,349,381.

In the annual digitisation at the Royal Irish Academy a further 12 manuscripts (MS 23 D 2, MS 23 M 25, MS 23 M 26, MS 23 M 27, MS 23 M 28, MS 23 M 29, MS 23 M 30, MS 23 M 31, MS 23 M 32, MS 23 M 33, MS 23 M 34, MS 24 L 6.) went live, thus bringing the total manuscripts held on ISOS from the Royal Irish Academy to 97.

The School initiated a new partnership with the Irish Jesuit Archives. The first manuscript of nine to be digitised, IL 1, can now be viewed on ISOS. Bound in leather, with the episcopal arms of John O'Brien, bishop of Cloyne and Ross (1748–67), this eighteenth-century manuscript written by Mícheál Ó Longáin, consists of a copy of Geoffrey Keating's Foras *Feasa ar Éirinn*, and poems, annals and genealogies related to the Uí Bhriain family.

An interesting recent find 'The Avicenna Fragment' was digitised during the year. Until August 2018 this bifolium was used as a cover for a sixteenth-century printed book. A Medical fragment of the book 1 of the Avicenna canon (v. 980–1037), translated into Irish, from the Latin of Gerard of Cremona (d. 1187). As far as is currently known, this copy of the translation of Avicenna's Canon is unique. The ISOS image is accompanied by a description of the fragment prepared by Professor Aoibheann Nic Dhonnchadha of the School of Celtic Studies and Professor Pádraig Ó Macháin of UCC. This important discovery was the subject of a number of newspaper articles in Ireland and in Britain.

Another major achievement of the Irish Script On Screen project came with the digitisation of two primary legal manuscripts from Trinity College. TCD MS 1336 (H 3.17), is a volume made up of several distinct books or tracts of different sizes associated with the famous compilation known as the Senchas Már. Its importance as a source for mediaeval Irish law can be gauged from the fact that the diplomatic edition of the legal texts in it takes up 481 pages in D. A. Binchy's *Corpus Iuris Hibernici* (pp. 1650–2130), just over a fifth of the total.

TCD MS 1337 (H 3.18) a large manuscript now bound in 25 volumes, consisting of discrete gatherings, fragments and slips of vellum and paper, written variously in the fifteenth and sixteenth centuries. TCD MS 1337 is renowned for its abundance of legal tracts originally written in the Old Irish period, such as *Uraicecht Becc* and *Críth Gablach*, many of which are now the only extant copies.

In light of these prominent TCD manuscripts being digitised, Anne Marie O'Brien together with Caoimhe Ní Ghormáin (Assistant Librarian, Manuscripts & Archives Research Library, TCD) presented a paper at the two-day conference organised by the Department of Irish and Celtic languages in May 2018, 'The Irish manuscripts in the library of Trinity College Dublin'. The paper was entitled 'The Library of Trinity College Dublin and the ISOS Project'.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

I gcomhar le Andrew McCarthy lean sé de bheith ag cur feabhais ar chóras an bhunachair a mbaineann comhéadan an riarthóra agus comhéadan poiblí BILL leas as. Tá iontrálacha ar fhoilseacháin i ngort an Léinn Cheiltigh scríofa aige agus cuirfear i gcló iad in imleabhar 50 (le haghaidh 2016; le foilsiú 2019) den International Medieval Bibliography a chuireann an Institute for Medieval Studies, Ollscoil Leeds, in eagar agus a fhoilsíonn muintir Brepols.

LÉANN NA LÁMHSCRÍBHINNÍ

Stiúraigh an tOllamh Liam Breatnach an obair ar eagrán dioplómaitiúil den Leabhar Breac, lámhscríbhinn de chuid na cúigiú haoise déag, agus rinne stiúrú freisin ar thionscadal eile a bhfuil idir bhaill den fhoireann agus scoláirí páirteach ann a bhfuil d'aidhm leis clár nua do Leabhar Buí Leacáin a réiteach.

AN LEABHARLANN

Bíonn an Leabharlann i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar an rochtain atá ag daoine ar fhoinsí atá i gcló nó atá ar líne. Cuireadh leis an stoc sna réimsí ábhartha taighde atá ag an Scoil de réir an pholasaí sealbhaithe atá ag an Leabharlann.

Scaipeadh an t-eolas is deireanaí maidir le foilseacháin nua atá faighte ag an Leabharlann agus le hirisí reatha.

Tugadh thart ar 2,000 cuairt ar an Leabharlann i gcaitheamh na bliana 2018.

Coiste na Leabharlainne

Tugann Coiste na Leabharlainne comhairle faoi pholasaithe leabharlainne, cur chun cinn na leabharlainne, agus forbairt na leabharlainne maille le cur i gcrích athruaithe straitéiseacha.

STAITISTICÍ NA LEABHARLAINNE 2018



Is iad Ruairí Ó hUiginn, Aoibheann Nic Dhonnchadha, Alexander Guilarte agus Margaret Irons baill an Choiste.

Bhí cruinnithe ag an gCoiste i Mí Aibreáin agus Mí Dheireadh Fómhair 2018.

Comhdálacha Seachtracha

Bhí Margaret Irons i láthair ag Seimineár LIR: 'Deciphering Data: Informing Decision-making, Transforming User Experience' ar an 5 Nollaig.

Dair

dair.dias.ie

Tionscadal de chuid Leabharlann Scoil an Léinn Cheiltigh atá in DAIR, (DIAS Access to Institutional Repository), taisclann institiúide d'fhoilseacháin a chuireann saothar taighde fhoireann na hInstitiúide ar fáil. Is is bhfoirm leictreonach atá na hailt acadúla, cóipeanna réamhchló (leagan reatha den alt nó leagan a cuireadh faoi bhráid piarmheastóirí) nó cóipeanna ar glacadh leo le haghaidh a bhfoilsithe, nó ábhar gaolmhar ar nós caibidlí i leabhair, léachtanna comhdhála, páipéir oibre, tuairiscí teicniúla agus a leithéidí.

Is é an tOllamh Ruairí Ó hUiginn, Stiúrthóir Scoil an Léinn Cheiltigh, a sheol DAIR le linn Fhóram Taighde na hInstitiúide ar an 11 Bealtaine 2018. Is í an Leabharlannaí atá i mbun a bhainistithe.

Tionscadail Chatalógaithe

Tháinig roinnt mac léinn cartlannaíochta chun na Leabharlainne in 2018.

Chríochnaigh Geraldine McNamara an Catalógú Siarghabhálach.

Chláraigh Clíona Ní Liatháin agus Leonora Balfour bailiúcháin éagsúla a bronnadh orainn.

Chuir Chiara Monteleone Cartlann Mhic Cana in eagar. Tugann na páipéir atá inti léargas ar obair an Ollaimh Mac Cana san Institiúid agus ar a shaol mar scoláire.

Ní mór dóibh siúd ar mhian leo ábhar na Cartlainne a cheadú cead i scríbhinn a fháil ón Stiúrthóir nó ón Leabharlannaí.

School of Celtic Studies (continued)

BIBLIOGRAPHY

During 2018 Alexander Guilarte has continued to work on the compilation of the *Bibliography of Irish Linguistics and Literature (/BILL/)*, entering new material but also focusing on the addition of more reviews, bringing existing periodicals and series up to date, and detecting and eliminating any gaps in the bibliography. To locate this material extensive use has been made of resources such as *BRILL Linguistic Bibliography* and MLA International Bibliography WFT, access to which has been granted by the SCS Library on a temporary basis during 2018.

Working in conjunction with Andrew McCarthy he has continued to improve the database system used for *BILL* both on the public and the administrator's interface.

He also has contributed entries on Celtic studies publications to appear in vol. 50 for 2016 (forthcoming in 2019) of the International Medieval Bibliography edited by the Institute for Medieval Studies, University of Leeds, and published by Brepols.

MANUSCRIPT STUDIES

Professor Liam Breatnach continued direction of a diplomatic edition of the early fifteenth-century manuscript *Leabhar Breac*, and a project involving staff and scholars of the School to produce a new catalogue on the contents of the Yellow Book of Lecan.

LIBRARY STATISTICS 2018



LIBRARY

The library continues to maintain and improve access to relevant research resources both in print and online. Acquisitions continued in subject areas relevant to the research needs of the School and in keeping with the acquisitions policy of the library.

Regular updates on recent accessions and current periodicals were issued.

During 2018 approximately 2,000 visits were made to the library.

Library Committee

The Library Committee advises on library policies, promotion of the library and on development and implementation of strategic changes.

Committee members are Ruairí Ó hUiginn, Aoibheann Nic Dhonnchadha, Alexandre Guilarte and Margaret Irons.

The Committee met in April and October 2018.

External Conferences

Margaret Irons attended the LIR Seminar: 'Deciphering Data: Informing Decision-making, Transforming User Experience' on 5 December.

DAIR - Institutional Repository

dair.dias.ie

DAIR, (DIAS Access to Institutional Repository), an initiative of the School of Celtic Studies Library, is an institutional repository of research publications which showcases the research output of professors, staff and scholars of the Institute. The repository holds electronic copies of academic papers, which can be either preprints (a working paper or the version of a paper submitted for peer review) or postprints (the final peer reviewed version, which has been accepted for publishing) or similar material such as book chapters, conference papers, working papers, technical reports and so on.

DAIR was officially launched at the DIAS Research Forum on 11th May 2018 by the Director of the School of Celtic Studies, Prof. Ruairí Ó hUiginn and is managed by the Librarian.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

STAITISTICÍ NA TAISCLAINNE



Forbhreathnú ar an obair

841 mír

3,535 íoslódáil

99% téacs iomlán

99% rochtain oscailte

Bhronn na daoine seo a leanas leabhair ar an Leabharlann:

- **Gerard Beggan**
  Taighdeoir neamhspleách
- **Matthew James Driscoll**
  Ollscoil Chóbanhávan
- **Maxim Fomin**
  Ollscoil Uladh
- **Anthony Harvey**
  Acadamh Ríoga na hÉireann
- **Ruairí Ó hUiginn**
  Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath
- **Liam Mac Peaircín**
  Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
- **Tatiana Mikhailova**
  Ollscoil Mhoscó
- **Nike Stam**
  Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath
- **Anders Ahlqvist**†
  Ollscoil Sydney
  Irisí éagsúla

Rinneadh athchóiriú ar pholasaí na Leabharlainne maidir le hábhair a bhronntar uirthi ag teacht le pleananna straitéiseacha forbartha na Leabharlainne. Is féidir an polasaí a léamh ach é a iarraidh.

Cuairteoirí idirnáisiúnta ar an leabharlann

1. **Mícheál Briody**, Ollscoil Helsinki, An Fhionlainn
2. **Melita Cataldi**, Ollscoil Turin, An Iodáil
3. **Piero de Gennaro**, Ollscoil Turin, An Iodáil
4. **Margo Griffin-Wilson**, Ollscoil Cambridge, Sasana
5. **David McCay**, Ollscoil Cambridge, Sasana
6. **Helen Imhoff**, Munich, An Ghearmáin
7. **Tatyana Mikhailova**, Ollscoil Mhoscó, Aontas na Rúise
8. **James McCloskey**, Ollscoil California Santa Cruz, SAM
9. **Tomás Ó Cathasaigh**, Ollscoil Harvard, Massachusetts, SAM
10. **Pádraig Ó Néill**, Ollscoil North Carolina, SAM
11. **Jan Erik Rekdal**, Ollscoil Oslo, An Iorua
12. **Guto Rhys**, Flondrás, An Bheilg
13. **Richard Sharpe**, Ollscoil Oxford, Sasana
14. **Jonathan Wooding**, Ollscoil Sydney, An Astráil
15. **Marged Haycock**, Ollscoil Aberystwyth, An Bhreatain Bheag
16. **Malachy McKenna**, An tSualainn

TIONÓL 2018

Bhí Tionól na bliana 2018 ar bun 2–3 Samhain agus d'fhreastail slua mór daoine air. In imeacht an dá lá tugadh 20 caint chomh maith leis an Léacht Reachtúil. Is iad seo na cainteanna a tugadh ar an Aoine 2 Samhain: Deborah Hayden '*Auraicept na nÉces* and the *Ars Medicine*'; Beatrix Färber 'An Irish Materia Medica: Tadhg Ó Cuinn's Irish Herbal (1415)'; Guto Rhys 'Welsh grave elegies, 1570-2018'; Anthony Harvey 'Haunting vocabulary: towards a taxonomy of ghost words in Celtic lexicography'; Marged Haycock '75 years ago: Ifor Williams's DIAS lectures on Early Welsh poetry'; David Stifter agus Angelina Lavelle 'Alliterate by number'; Elliott Lash 'The etymology of the Old Irish interrogative particle *in* and some notes on syntactic change in Old Irish'; Patrick Sims-Williams '"Just saying": Old Irish *ol* & *olsé*, Middle Welsh *heb* & *hebyr*'; Richard Sharpe 'Clóliosta: printing in the Irish language 1571–1871'; Mícheál Hoyne 'Guides to reading Irish in printed books 1571–1871'. Is iad seo a leanas na cainteanna a tugadh ar an Satharn 3 Samhain: Gregory Toner agus Xiwu Han 'Machine-learning methods for dating Irish narrative'; Marie-Luise Theuerkauf agus Máire Ní Mhaonaigh 'Electronic Dictionary of the Irish Language: ceardlann'; Pamela O'Neill 'Statistical analysis of lexicon and the composition of *Críth Gablach*'; Peter McQuillan 'Early modern civility in Gaelic Ireland and conceptual history'; Merryn

School of Celtic Studies (continued)

REPOSITORY STATISTICS



Activity Overview

841 items

3,535 downloads

99% full text

99% open access

Cataloguing Projects

In 2018 the library gained a number of cataloguing and archiving students.

The Retrospective Cataloguing project was completed by Geraldine McNamara.

Clíona Ni Liatháin together with Leonora Balfour continued cataloguing various donated collections.

Chiara Monteleone worked on arranging and compiling the Mac Cana Archive. The papers document Professor Mac Cana's academic activity at the Institute, and his academic career as a whole.

Researchers wishing to inspect archive material must seek written permission from the Director or the Librarian.

Donations

Individual book donations were gratefully received from the following:

- **Gerard Beggan**
  Independent researcher
- **Matthew James Driscoll**
  University of Copenhagen
- **Maxim Fomin**
  Ulster University
- **Anthony Harvey**
  Royal Irish Academy
- **Ruairí Ó hUiginn**
  DIAS
- **Liam Mac Peaircín**
  Mary Immaculate College, Limerick
- **Tatiana Mikhailova**
  Moscow University
- **Nike Stam**
  DIAS
- **Anders Ahlqvist**†
  University of Sydney
  Various journal titles

The library donations policy has been revised in keeping with strategic growth plans for the library. The policy can be consulted upon request.

International visitors to the library

1. **Mícheál Briody**, University of Helsinki, Finland
2. **Melita Cataldi**, Turin University, Italy
3. **Piero de Gennaro**, Turin, Italy
4. **Margo Griffin-Wilson**, Cambridge University, England
5. **David McCay**, University of Cambridge, England
6. **Helen Imhoff**, Munich, Germany
7. **Tatyana Mikhailova**, Moscow State University, Russia
8. **James McCloskey**, University of California Santa Cruz, USA
9. **Tomás Ó Cathasaigh**, Harvard University, Massachusetts, USA
10. **Pádraig Ó Néill**, University of North Carolina, USA
11. **Jan Erik Rekdal**, University of Oslo, Norway
12. **Guto Rhys**, Flanders, Belgium
13. **Richard Sharpe**, University of Oxford, England
14. **Jonathan Wooding**, University of Sydney, Australia
15. **Marged Haycock**, University of Aberystwyth, Wales
16. **Malachy McKenna**, Sweden

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

Davies-Deacon '"Official" Cornish orthography in the post-SWF era'; Caoimhín Breatnach 'Editions of *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* and of the tale referred to as *Úath Beinne Étair*'; Wolfgang Meid '*Táin Bó Cúailnge*: The final verbal exchange between Medb and Fergus'; Maria Del Henar Velasco Lopez 'Courting water: Greek and Irish heroines'; Roisin McLaughlin 'Marginal entries in TCD MS H 2.15b'; Séamas De Barra 'Rian na scríobhaithe agus na n-údar Gaeilge ar an gCatechismus/Teagasc Criostuí ag an Ath. Teaboid Gállduf'.

An tOllamh Liam Breatnach a thug an Léacht Reachtúil sa Choláiste Ollscoile ar an Aoine, 2 Samhain. 'Poetry on the edge: marginal verses in mediaeval Irish manuscripts', an teideal a bhí ar an léacht agus tháinig slua mór daoine i láthair. Tá taifead anois ar fáil ar shuíomh gréasáin na Scoile. Sular tugadh an léacht, thug an tOllamh Tomás Ó Cathasaigh ó Ollscoil Harvard caint ghairid in ómós don Ollamh Anders Ahlqvist a bhí ina Chathaoirleach ar Bhord Stiúrtha na Scoile go dtí gur cailleadh é i Mí Lúnasa.

SIOMPÓISIAM DHÁ LÁ AR NAOMHSHEANCHAS NA hÉIREANN AGUS NA BREATAINE BIGE

D'eagraigh Barry Lewis agus Sarah Waidler an siompóisiam seo ar an 25–6 Bealtaine. Bhí 15 cainteoir páirteach ann agus bhí 60 duine i láthair. Tugadh na cainteanna seo a leanas ar an Aoine 25 Bealtaine: Alan Macquarrie (Glaschú): 'Creating a National Hagiography for Scotland: the Aberdeen Breviary (1510)'; Caroline Brett (Cambridge): 'Hagiography as Charter: the Example of the Cartulary of Landévennec'; Elizabeth Boyle (Maigh Nuad): ' "*More than Honey to My Mouth*": Saints and the Psalms in Early Medieval Ireland'; Sarah Waidler (IABÁC): 'Demons, Ghosts and Angels: Independent Anecdotes of Irish Saints'; John Carey (Coláiste na hOllscoile Corcaigh): 'Beyond Angels and Ancients: Saints and Their Uncanny Interlocutors'; Diarmuid Ó Riain (Vienna): 'Pushing the Boundaries of Cult: a Twelfth-Century Account of St Martin's Translation to Salzburg (BHL 5659)'; Barry Lewis (IABÁC): 'Some Vernacular Expressions of the Cult of Saints in Wales'.

Is iad seo a leanas na cainteanna a tugadh ar an Satharn 26 Bealtaine: David Callander (Cambridge): 'The Late Medieval Welsh Poetry to Gwenfrewy'; Raymond Gillespie (Maigh Nuad): 'Inventing Saints: the Construction of the Sixteenth-Century North-West Ulster Saints Lives'; Marie-Luise Theuerkauf (IABÁC): '*Baile Moling*: Generic and Contextual Considerations'; Patrick Sims-Williams (Aberystwyth): 'Saints and Early Welsh Charters'; Pádraig Ó Riain (Coláiste na hOllscoile Corcaigh): 'Irish Saints' Genealogies: Hagiographical Coordinates or Title Deeds?'; Jesse Harrington (Cambridge): 'Figuring the Saint's Curse Outside of the Lives: Hagiographical Discourse and Narrative Exegesis in *Aided Diarmata meic Cerbaill*'; Anders Ahlqvist (Sydney): 'Forgotten Religious Poetry'; Thomas Owen Clancy (Glaschú): 'Hebridean Saints in and on the Margins: Approaching Saints Donnan and Cainnech through Peripheral Texts'.

SEIMINEÁIR

Thug Liam Breatnach seimineár seachtainiúil ar feadh na bliana ar théacsanna filíochta de chuid na Luath-Ghaeilge, an dán dar tús *A Choimmdiu nél* ina measc. Thug Ruairí Ó hUiginn seimineár ar an téacs *Oileamhan Chon Culainn* ó Eanáir go Bealtaine. 'Texts on the poet in late-medieval Wales' ba theideal do sheimineár Barry Lewis a tugadh ó Mhí Dheireadh Fómhair go Mí na Nollag.

Thug Peadar Ó Muircheartaigh, scoláire iardhochtúireachta de chuid Chomhairle Taighde na hÉireann a bhí ar cuairt sa Scoil trí chaint ar shainréimeanna teanga agus ar chanúintí sa tSean-Ghaeilge, agus thug an Dr Elaine Uí Dhonnchadha, scoláire ar cuairt ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, trí chaint ar ghnéithe de chomhréir na Gaeilge.

LÉACHTAÍ

Chuir baill foirne léachtaí agus páipéir i láthair ag comhdhálacha agus in ionaid éagsúla abhus in Éirinn agus ar an gcoigríoch.

Liam Breatnach:

sraith léachtaí ar théacsanna dlí agus filíochta Sean-Ghaeilge mar aon le léacht phoiblí dar teideal 'Marriage in early medieval Ireland: Sources and interpretations' i Roinn na Ceiltise, Ollscoil Harvard, Aibreán 21–6,

'Manuscript H 3. 17 (1336)', caint a tugadh ag an gComhdháil faoi Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar 18 Bealtaine.

Ruairí Ó hUiginn:

'In song and in story: aspects of the performance of medieval Irish saga literature', caint a tugadh ag an Cambridge Colloquium, Ollscoil Cambridge University, 10 Feabhra.

'The Fifth Province', Léacht Chuimhneacháin Uí Chorráin Scoil Dlí na Boirne, Baile Uí Bheacháin, 5 Bealtaine.

'Ancestors, gods and genealogies', caint a tugadh ag an Séú Colóiciam Bliantúil 'Thinking about Mythology in the 21st Century', Ollscoil Dhún Éideann, 10 Samhain.

'Logainmneacha na hÉireann: roinnt gnéithe', caint a tugadh ag Tionól Gaeilge an 23ú Australasian Conference of Irish Studies, Ollscoil Sydney, An Astráil, 27 Samhain.

School of Celtic Studies (continued)

TIONÓL 2018

This year's Tionól was held Friday 2 and Saturday 3 November and attracted a very large audience. Over the two days a total of 20 papers were read in addition to the annual Statutory Public Lecture. The following papers were presented 2 November: Deborah Hayden '*Auraicept na nÉces* and the *Ars Medicine*'; Beatrix Färber 'An Irish Materia Medica: Tadhg Ó Cuinn's Irish Herbal (1415)'; Guto Rhys 'Welsh grave elegies, 1570-2018'; Anthony Harvey 'Haunting vocabulary: towards a taxonomy of ghost words in Celtic lexicography'; Marged Haycock '75 years ago: Ifor Williams's DIAS lectures on Early Welsh poetry'; David Stifter and Angelina Lavelle 'Alliterate by number'; Elliott Lash 'The etymology of the Old Irish interrogative particle *in* and some notes on syntactic change in Old Irish'; Patrick Sims-Williams '"Just saying": Old Irish *ol* & *olsé*, Middle Welsh *heb* & *hebyr*'; Richard Sharpe 'Clóliosta: printing in the Irish language 1571–1871'; Mícheál Hoyne 'Guides to reading Irish in printed books 1571–1871'. The following were given on Saturday 3 November: Gregory Toner and Xiwu Han 'Machine-learning methods for dating Irish narrative'; Marie-Luise Theuerkauf and Máire Ní Mhaonaigh 'Electronic Dictionary of the Irish Language: workshop'; Pamela O'Neill 'Statistical analysis of lexicon and the composition of *Críth Gablach*'; Peter McQuillan 'Early modern civility in Gaelic Ireland and conceptual history'; Merryn Davies-Deacon '"Official" Cornish orthography in the post-SWF era'; Caoimhín Breatnach 'Editions of *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* and of the tale referred to as *Úath Beinne Étair*'; Wolfgang Meid '*Táin Bó Cúailnge*: The final verbal exchange between Medb and Fergus'; Maria Del Henar Velasco Lopez 'Courting water: Greek and Irish heroines'; Roisin McLaughlin 'Marginal entries in TCD MS H 2.15b'; Séamas De Barra 'Rian na scríobhaithe agus na n-údar Gaeilge ar an gCatechismus/ Teagasc Criostuí ag an Ath. Teaboid Gállduf'.

The Statutory Public Lecture held in conjunction with the Tionól was delivered in UCD by Professor Liam Breatnach on Friday 2 November. Titled 'Poetry on the edge: marginal verses in mediaeval Irish manuscripts', it attracted a large audience. A recording is now available on the School's website. The lecture was preceded by a brief and warmly received appreciation of the late Chairman of the Governing Board, Professor Anders Ahlqvist, delivered by Professor Tomás Ó Cathasaigh of Harvard University.

Professor Damian McManus, Dr Katharine Simms and Dr Mícheál Hoyne at the launch of Fuidheall Áir: Bardic poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c. 1377 - c. 1637.

An tOllamh Damian McManus, Dr Katharine Simms agus Dr Mícheál Hoyne ag seoladh Fuidheall Áir: Bardic poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c. 1377 - c. 1637.

TWO-DAY SYMPOSIUM ON IRISH AND WELSH HAGIOGRAPHY

Barry Lewis and Sarah Waidler organised this two-day seminar on May 25–6. It featured 15 speakers and had an audience in excess of 60 people. The following papers were presented on Friday 25 May: Alan Macquarrie (Glasgow): 'Creating a National Hagiography for Scotland: the Aberdeen Breviary (1510)', Caroline Brett (Cambridge): 'Hagiography as Charter: the Example of the Cartulary of Landévennec', Elizabeth Boyle (MU): '"*More than Honey to My Mouth*": Saints and the Psalms in Early Medieval Ireland', Sarah Waidler (DIAS): 'Demons, Ghosts and Angels: Independent Anecdotes of Irish Saints', John Carey (UCC): 'Beyond Angels and Ancients: Saints and Their Uncanny Interlocutors', Diarmuid Ó Riain (Vienna): 'Pushing the Boundaries of Cult: a Twelfth-Century Account of St Martin's Translation to Salzburg (BHL 5659)', Barry Lewis (DIAS): 'Some Vernacular Expressions of the Cult of Saints in Wales'.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

'Reading *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*', Príomhléacht: 23ú Australasian Conference of Irish Studies, Ollscoil Sydney, An Astráil, 30 Samhain.

Barry Lewis:

'The dating of medieval Welsh literary texts': caint a tugadh ag an gceardlann 'The dating of Old Norse and Celtic texts', Ollscoil Oslo, 22 Márta 2018.

'Some vernacular expressions of the cult of saints in Wales': caint a tugadh ag an gcomhdháil 'Defining the boundaries of Celtic hagiography: textual sources outside Lives and martyrologies', IABÁC, 25 Bealtaine 2018.

'Byd Arthur fel delfryd yng ngwaith y beirdd canoloesol': caint a tugadh ar an siompóisiam lae Arthurian legends in Wales and beyond, Ollscoil Bangor, An Bhreatain Bheag, 28 Meitheamh 2018.

'The interface between hagiography and history in medieval Wales': caint a tugadh ag an 25ú International Medieval Congress (IMC), Leeds, 3 Iúil 2018.

Aoibheann Nic Dhonnchadha:

'Tráchtas leighis ón 14ú haois: lámhscríbhinn, téacs agus foinsí' caint a tugadh ag an gcomhdháil, *Léann na Sionainne*, Ollscoil Luimnigh on 25–26 Bealtaine 2018.

'Na téacsanna leighis i LS Ó Lochlainn 3: ábhar agus cúlra', caint a tugadh ag *Seoda Scripte: Seimineár Leathlae ar Roinnt Lámhscríbhinní Gaeilge sna Bailiúcháin Speisialta* sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath 30 Samhain.

'An Irish medical commentary of the 15th century', caint a tugadh ag comhdháil *Science and Medicine in the Insular Middle Ages* Ollscoil na Banríona, Béal Feirste 7 Nollaig.

Michelle O Riordan:

'"Beannacht ar anmain Éireann": bás agus síor-aiséirí na hÉireann i bhfriotal na bhfilí', caint a tugadh ag Éigse Cholm Cille, Ollscoil Uladh, Doire, 9–10 Márta 2018.

'Fill Arís', caint a tugadh ag an seimineár lae in ómós don Msg. An tOllamh Breándán Ó Doibhlin, Ollscoil Mhá Nuad, 30 Meitheamh 2018.

'The Poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe–the Apologues', caint a tugadh ag seimineár bliantúil Chumann na Sgríbheann nGaedhilge, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 17 Samhain.

Brian Ó Curnáin:

'Fuaim an Phinn a Canth linny ón 19 céad; *Mack Dea, Muirye waher, Coo Collen, Fun, Esheen, an Packaugh* agus *an Baus* ó láimh na gConnachtach', Seimineár Taighde, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, 15 Samhain.

Cainteoir ag seimineár 'Miliwn o siaradwyr Cymraeg erbyn 2050?' in Ollscoil Bangor, an Bhreatain Bheag, 21 Samhain.

Mícheál Hoyne:

'Editing Classical Modern Irish poetry (in éineacht leis an Dr Eoin Mac Cárthaigh, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus an Dr Eoghan Ó Raghallaigh, Ollscoil Mhá Nuad), ag ceardlann a reáchtáladh le linn an Conference of the Celtic Studies Association of North America, Ollscoil California, Los Angeles, SAM, 10 Márta.

'The Seifín Duanaire (H 4.22, XII)': caint a tugadh ag an gComhdháil faoi Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 17 Bealtaine.

'Guides to reading Irish in printed books, 1571–1871', caint a tugadh ag an Tionól, 3 Samhain.

M. Hoyne agus R. Ó hUiginn at the launch of Fuidheall Áir.

M. Hoyne agus R. Ó hUiginn ag seoladh *Fuidheall Áir*.

School of Celtic Studies (continued)

The following were given on Saturday, 26 May: David Callander (Cambridge): 'The Late Medieval Welsh Poetry to Gwenfrewy', Raymond Gillespie (MU): 'Inventing Saints: the Construction of the Sixteenth-Century North-West Ulster Saints Lives', Marie-Luise Theuerkauf (DIAS): '*Baile Moling*: Generic and Contextual Considerations', Patrick Sims-Williams (Aberystwyth): 'Saints and Early Welsh Charters', Pádraig Ó Riain (UCC): 'Irish Saints' Genealogies: Hagiographical Coordinates or Title Deeds?', Jesse Harrington (Cambridge): 'Figuring the Saint's Curse Outside of the Lives: Hagiographical Discourse and Narrative Exegesis in *Aided Diarmata meic Cerbaill*', Anders Ahlqvist (Sydney): 'Forgotten Religious Poetry', Thomas Owen Clancy (Glasgow): 'Hebridean Saints in and on the Margins: Approaching Saints Donnan and Cainnech through Peripheral Texts'.

SEMINARS

Liam Breatnach gave a seminar on early Irish verse texts, including the ninth-century poem beginning *A Choimmdiu* nél.

Ruairí Ó hUiginn held a weekly seminar on the text *Oileamhan Chon Culainn* from January to May.

Barry Lewis gave a seminar on 'Texts on the poet in late-medieval Wales' from October to December.

Peadar Ó Muircheartaigh, visiting IRC postdoctoral scholar, gave three seminars on aspects of register and dialect in Old Irish while Elaine Uí Dhonnchadha, a visiting scholar from TCD, gave three seminars on issues in Irish syntax.

LECTURES

Liam Breatnach

gave a series of post-graduate seminars on early Irish law and verse texts, as well as a public lecture entitled 'Marriage in early medieval Ireland: Sources and interpretations', at the Department of Celtic Languages and Literatures, Harvard University, April 21-6.

'Manuscript H 3. 17 (1336)', paper given at the Conference on the Irish Manuscripts of Trinity College Dublin, 18 May.

Ruairí Ó hUiginn:

'In song and in story: aspects of the performance of medieval Irish saga literature', paper given at the Cambridge Colloquium, Cambridge University, 10 February.

'The Fifth Province', Ó Corráin Memorial Lecture, Burren Law School, Ballyvaughan, 5 May.

'Ancestors, gods and genealogies', paper given at the Sixth Annual Colloquium on Thinking about Mythology in the 21st Century, Edinburgh University, 10 November.

'Logainmneacha na hÉireann: roinnt gnéithe', paper given at the Tionól Gaeilge of the 23rd Australasian Conference of Irish Studies, University of Sydney, 27 November.

'Reading *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*', Keynote lecture: 23rd Australasian Conference of Irish Studies, University of Sydney, 30 November.

Barry Lewis:

'The dating of medieval Welsh literary texts': paper given at the workshop 'The dating of Old Norse and Celtic texts', University of Oslo, 22 March 2018.

'Some vernacular expressions of the cult of saints in Wales': paper given at the conference 3. 'Defining the boundaries of Celtic hagiography: textual sources outside Lives and martyrologies', DIAS, Dublin, 25 May 2018.

'Byd Arthur fel delfryd yng ngwaith y beirdd canoloesol': paper given at the day symposium 'Arthurian legends in Wales and beyond', Bangor University, 28 June 2018.

'The interface between hagiography and history in medieval Wales': paper given at the 25th International Medieval Congress (IMC), Leeds, 3 July 2018.

Aoibheann Nic Dhonnchadha:

'Tráchtas leighis ón 14ú haois: lámhscríbhinn, téacs agus foinsí' paper given at the conference, *Léann na Sionainne*, University of Limerick on 25-26 May 2018.

'Na téacsanna leighis i LS Ó Lochlainn 3: ábhar agus cúlra', paper read at *Seoda Scripte: Seimineár Leathlae ar Roinnt Lámhscríbhinní Gaeilge sna Bailiúcháin Speisialta* held at University College Dublin, 30 November.

'An Irish medical commentary of the 15th century', paper read at conference *Science and Medicine in the Insular Middle Ages* held at Queen's University Belfast on 7 December.

Michelle O Riordan:

'"Beannacht ar anmain Éireann": bás agus síor-aiséirí na hÉireann i bhfriotal na bhfilí', paper given at Éigse Cholm Cille, Ulster University, Derry, 9–10 March 2018.

'Fill Arís', paper given at the day seminar in honour of Msg. Prof. Breándán Ó Doibhlin, Maynooth University, 30 June 2018.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

'Giolla Brighde Mac Con Midhe: Language and Metre', caint a tugadh ag seimineár bliantúil Chumann na Sgríbheann nGaedhilge, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 17 Samhain.

Chantal Kobel:

'The "then" and the "now": glimpses into a later medieval Irish legal composite manuscript', caint a tugadh ag an 17ú Seminar on the Care and Conservation of Manuscripts, Ollscoil Chóbanhávan,11 Aibreán 2018.

'Manuscript H 3.18 (1337): Glimpses into the composite manuscript', caint a tugadh ag an gComhdháil faoi Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 17–18 Bealtaine

Pádraig A. Breatnach:

'I láimh an údair: Duanaire Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird i Leabhar Inghine Í Dhomhnaill (An Bhruiséil, BR 6131-33)', caint a tugadh ag Éigse Cholm Cille 2018, Ollscoil Uladh, Doire, 10 Márta.

'*Mo ghearán féin féachaidh gur doilbh an duain* (Liam Rua Mac Coitir cct) agus roinnt marbhnaí comhghaolmhara', caint a tugadh ag an gcomhdháil Léann na Sionainne 2018, Ollscoil Luimnigh, 25 Bealtaine.

EAGARTHÓIREACHT

Bhí Liam Breatnach ina chomheagarthóir le Damian Mc Manus ar *Ériu, imleabhar* 67.

Bhí Ruairí Ó hUiginn ina eagarthóir ar *Book of Ballymote. Codices Hiberni Eximinii 2* (Baile Átha Cliath, Acadamh Ríoga na hÉireann, 2018, xv + 384) agus ina chomheagarthóir (le Barry Lewis) ar Celtica 30 (2018).

Bhí Barry Lewis ina chomheagarthóir (le Ruairí Ó hUiginn) ar *Celtica* 30 (2018).

Bhí Aoibheann Nic Dhonnchadha ina comheagarthóir (le Pádraig Ó Macháin) ar *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise*, ar foilsíodh imleabhar 22 de in 2018.

Bhí Marie Luise Theurkauf, Chantal Kobel agus Sarah Waidler ina n-eagarthóirí cúnta ar *Celtica* 30.

SCRÚDAITHEOIREACHT SHEACHTRACH AGUS BALLRAÍOCHT AR CHOISTÍ

Ba bhall é Liam Breatnach de Choiste Comhairleach eDIL (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil Cambridge).

Bhí Ruairí Ó hUiginn ina Scrúdaitheoir Seachtrach sa Ghaeilge in Ollscoil Uladh agus ina Scrúdaitheoir Seachtrach sa Cheiltis in Ollscoil Obar Dheathain. Ba bhall é de Choiste Comhairleach eDIL (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus Ollscoil Cambridge) agus den Choiste na Leabharlainne, Acadamh Ríoga na hÉireann. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choistí Bainistíochta agus Eagarthóireachta Fhoclóir Stairiúil na Nua-Ghaeilge (Acadamh Ríoga na hÉireann) agus ina Chathaoirleach ar Iontaobhas Uí Chadhain.

Ba bhall é Barry Lewis de Bhord Eagarthóireachta, *Proceedings of the Harvard Celtic*, de Bhord Comhairlitheach an tionscadail Cult of saints in Wales project, CAWCS, bhí sé ina phiarmeastóir d'Ériu agus don University of Wales Press. Bhí sé ina scrúdaitheoir seachtrach ar thráchtas PhD i Scoil na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil South Wales (viva 24 Samhain 2017).

Ba bhall í Aoibheann Nic Dhonnchadha de Bhord Eagarthóireachta CELT, agus den Fhochoiste Leabharlainne, Leabharlann de Hindeberg, Coláiste na Rinne.

Chuir Michelle O Riordan ábhar ar fáil do LÉAMH.ORG agus bhí sí ina léitheoir ag an tionscadal freisin. Ba bhall í den chomhchoiste idir Foilseachán Ábhar Spioradálta agus *An Timire*.

CÚRSAÍ SEACHTRACHA A MÚINEADH

Barry Lewis:

An Mheán-Bhreatnais do thosaitheoirí, Ollscoil Mhá Nuad.

Mícheál Hoyne:

'Ceart agus Labhairt na Teanga' Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Chantal Kobel:

An Introduction to Palaeography (SG618), Roinn na Luath-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad.

Gluaiseanna na Sean-Ghaeilge (IR2003), Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Secular Narrative Texts (IR4306 & IR7005), Roinn na Gaeilge agus na dTeangacha Ceilteacha, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

FOILSEACHÁIN NA SCOILE

Foilsíodh trí leabhar agus iris faoi inphrionta Scoil an Léinn Cheiltigh in 2018. Seoladh *Buchedd Beuno: The Middle Welsh Life of St Beuno*, a chuir Patrick Sims-Williams as Ollscoil Aberystwyth in eagar, le linn chomhdháil na Scoile ar an naomhsheanchas i Mí na Bealtaine. Seo an leabhar is deireanaí sa tsraith Medieval and Modern Welsh. I Mí Mheán Fómhair seoladh *Filíocht Ghaeilge an Athar Maonas Ó Ruairc* (c.1658–1750), a chuir Pádraig de Brún in eagar, i ndiaidh na ceardlainne ar an gcóidéacseolaíocht a thug an Dr John Gillis. Seoladh *Celtica* 30 a chuir Barry Lewis agus Ruairí Ó hUiginn in eagar le cúnamh ó Chantal Kobel, Marie-Luise Theuerkauf agus Sarah Waidler le linn Thionól na Scoile. Is ag an ócáid sin freisin a seoladh

School of Celtic Studies (continued)

'The Poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe–the Apologues', paper given at the annual seminar of the Irish Texts Society, University College, Cork, 17 November.

Brian Ó Curnáin:

'Fuaim an Phinn a Canth linny ón 19 céad; *Mack Dea, Muirye waher, Coo Collen, Fun, Esheen, an Packaugh agus an Baus* ó láimh na gConnachtach', Seimineár Taighde, Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, 15 November.

Speaker at a seminar 'Miliwn o siaradwyr Cymraeg erbyn 2050?' at Bangor University, Wales, 21 November.

Mícheál Hoyne:

'Editing Classical Modern Irish poetry (with Dr Eoin Mac Cárthaigh,TCD and Dr Eoghan Ó Raghallaigh, MU), workshop held at the Conference of the Celtic Studies Association of North America, University of California, Los Angeles, 10 March.

'The Seifín Duanaire (H 4.22, XII)': paper given at the conference on the Irish Manuscripts of Trinity College Dublin, 17 May.

'Guides to reading Irish in printed books, 1571–1871', paper given at the Tionól, 3 November.

'Giolla Brighde Mac Con Midhe: Language and Metre', paper given at the annual seminar of the Irish Texts Society, UCC, 17 November.

Chantal Kobel: 'The "then" and the "now": glimpses into a later medieval Irish legal composite manuscript', paper given at the 17th Seminar on the Care and Conservation of Manuscripts, University of Copenhagen,11 April 2018.

'Manuscript H 3.18 (1337): Glimpses into the composite manuscript', paper given at the conference. The Irish Manuscripts in the Library of Trinity College Dublin, May 17th–18th, 2018, Trinity College Dublin.

Pádraig A. Breatnach:

'I láimh an údair: Duanaire Eoghain Ruaidh Mhic an Bhaird i Leabhar Inghine Í Dhomhnaill (An Bhruiséil, BR 6131-33)', lecture given at Éigse Cholm Cille 2018, University of Ulster, Derry, 10 March.

'Mo ghearán féin féachaidh gur doilbh an duain (Liam Rua Mac Coitir cct) agus roinnt marbhnaí comhghaolmhara', lecture given at Léann na Sionainne 2018, University of Limerick, 25 May.

COURSES TAUGHT

Barry Lewis: Middle Welsh for beginners, Maynooth University.

Mícheál Hoyne: 'Ceart agus Labhairt na Teanga' First Year students of Modern Irish in the Department of Irish and Celtic Languages (TCD).

Chantal Kobel: An Introduction to Palaeography (SG618), Department of Early Irish, Maynooth University; Old Irish Glosses (IR2003), Department of Irish and Celtic Languages, Trinity College Dublin; Secular Narrative Texts (IR4306 & IR7005), Department of Irish and Celtic Languages, Trinity College Dublin.

EDITING

Liam Breatnach was co-editor with Damian Mc Manus of *Ériu* volume 67.

Ruairí Ó hUiginn was editor of *Book of Ballymote. Codices Hiberni Eximinii 2* (Dublin, Royal Irish Academy, 2018, xv + 384) and was co-editor (with Barry Lewis) of *Celtica* 30 (2018).

Barry Lewis was co-editor (with Ruairí Ó hUiginn) of *Celtica* 30 (2018).

Aoibheann Nic Dhonnchadha was joint editor (with Pádraig Ó Macháin) of *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise*, volume 22 of which was published in 2018.

Marie Luise Theurkauf, Chantal Kobel and Sarah Waidler were assistant editors of *Celtica* 30.

EXTERNAL EXAMINING AND MEMBERSHIP OF COMMITTEES

Liam Breatnach was a member of the Advisory Committee eDIL (QUB and Cambridge University)

Ruairí Ó hUiginn was External Examiner in Irish at Ulster University and External Examiner in Celtic at the University of Aberdeen. He was a member of the Advisory Committee eDIL (QUB and Cambridge University), and was a member of the Royal Irish Academy's Library Committee. He was Chair of Coiste na Logainmneacha/Place-names Committee (Government Appointment), and Chair of the Management and Editorial Committees of Foclóir Stairiúil na Nua-Ghaeilge/Historical Dictionary of Modern Irish (Royal Irish Academy) and Cathaoirleach of Iontaobhas Uí Chadhain.

Barry Lewis was a member of the editorial board, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium*, of the Advisory Board, Cult of saints in Wales project, CAWCS, and an ad hoc peer-reviewer for *Ériu* and the University of Wales Press. He was also external examiner for a PhD thesis in the School of Humanities and Social Sciences, University of South Wales (viva 24 November 2017).

Aoibheann Nic Dhonnchadha was a members of the Editorial Board of CELT, and of An Fochoiste Leabharlainne, Leabharlann de Hindeberg, Coláiste na Rinne.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

Fuidheall Áir: Bardic poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c.1377–c.1637, an chéad imleabhar i sraith nua téacsanna: Sraith na Nua-Ghaeilge Moiche/Early Modern Irish Texts.

FOILSEACHÁIN NA FOIRNE

Liam Breatnach:

'Varia III. 1. On the preposition *for* with the negative particle in Old Irish. 2. The River Níth', Ériu 67 (2017) 227–37.

'An Old Irish Story of a Woman Poet in Donegal', in Jason Merchant, Line Mikkelsen, Deniz Rudin & Kelsey Sasaki (eagí), *A Reasonable Way to Proceed: Essays in Honor of Jim McCloskey*. (Linguistics Research Center, Santa Cruz, CA 2018) 51–7.

'A Fragmentary Old Irish Text on Oaths', in Anders Ahlqvist and Pamela O'Neill (eagí), *Fír Fesso. A Festschrift for Neil McLeod*, Sydney Series in Celtic Studies 17 (Sydney 2018) 53–64.

Ruairí Ó hUiginn:

'The Book of Ballymote: scholars, sources and patrons', in R. Ó hUiginn (eag.) *Book of Ballymote. Codices Hibernenses Eximii 2.* (Baile Átha Cliath, 2018) 191–220.

'Pádraig Ó Fiannachta: foilsitheoir' in *Léachtaí Cholm Chille* 48 (2018), 145–60.

'*Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* characters, themes and history', in K. Murray (ed.) *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: Reassessments* Irish Texts Society Subsidiary Series 30 (Londain, 2018), 43–71.

Barry Lewis:

Léirmheas: Deborah Hayden and Paul Russell (eds), *Grammatica, Gramadach and Gramadeg: Grammar and Grammarians in Medieval Ireland and Wales* (Amsterdam/Philadelphia, 2916), in Celtica, 30 (2018), 223–9.

'Ar drywydd Magna, "chwaer Dewi Sant", ac eglwys ddiflanedig yn Nyffryn Teifi', *Studia Celtica*, 52 (2018), 33–52.

Léirmheas: Lynette Olson (ed.), *St Samson of Dol and the Earliest History of Brittany, Cornwall and Wales* (Woodbridge, 2017), in Studia Celtica, 52 (2018), 188–92.

Aoibheann Nic Dhonnchadha:

(le Pádraig Ó Macháin, Coláiste na hOllscoil Corcaigh) 'Nessa Ní Shéaghdha: palaeographer and textual historian', in Kevin Murray (ed.), *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: Reassessments* Irish Texts Society Subsidiary Series 30 (London 2018), 1-16.

'Cnuasach litreacha', *An Linn Bhuí: iris Ghaeltacht na nDéise* 22 (2018), 217–227.

'Nótaí Fáin' [míreanna 2, 3 agus 4] *An Linn Bhuí: iris Ghaeltacht na nDéise* 22 (2018) 228-242.

Mícheál Hoyne:

Fuidheall Áir: Bardic Poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c. 1377 – c. 1637. Sraith na Nua-Ghaeilge Moiche 1. DIAS (xvi + 489pp.).

'Early Modern Irish miscellanea: 1. corrigendum (ad Ériu lxvi 72–3) and a note on *comparatio compendiaria*; 2. a detail of vowel shortening in hiatus in Classical Modern Irish; 3. áoi trasgartha; 4. a rhyming example of nom. pl. *dee* "gods" in Classical Modern Irish', Ériu 67 (2017 [2018]), 169–86.

Nike Stam: 'Strategy or Accident: Code-Switching in the Commentary to the Félire Óengusso', in M. Ó Flaithearta (eag.) *Code-Switching in Medieval Ireland and England* (Bremen, 2018), 71–95.

Chantal Kobel:

'A note on the use of a feminine adjective following accusative and dative singular talmain', *Celtica* 30 (2018), 10–13.

Pádraig A. Breatnach:

'Kuno Meyer's boyhood diaries and the letters to family and friends' (Alt Léirmheasa), *Studia Hibernica* 44 (2018), 135-148.

"A true scholar and something more": Gearóid Ó Murchadha (1901–1959)', in Nioclás Mac Cathmhaoil et al. (eds) *Súgán an Dúchais*, Sraith Adhamhnáin Iml. 1, (Doire, 2018), 462–485.

'Togha na hÉigse 1700–1800, 7. *Tarla gné dhaoldatha d'fhoiligh gach rian* (Séamas Mac Coitir)', *Celtica* 30 (2018), 38–55.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ EILE

Thug Brian Ó Curnáin roinnt agallamh ar an teilifís agus ar an raidió faoi chóip de *Cúirt an Mheán-Oíche* atá i lámhscríbhinn Gaeilge as Contae Ros Comáin.

Bhí tuairisc ar thionscadal an *Chlóliosta* atá idir lámha ag Mícheál Hoyne agus ag an Ollamh Richard Sharpe (Ollscoil Oxford) ar shuíomh gréasáin nuachta RTÉ (Eng: https://www.rte.ie/news/nuacht/2018/1031/1007852-new-catalogue-of-books-printed-in-irish-from-1571-to-1871/; Ir: https://www.rte.ie/news/nuacht/2018/1101/1008001-catalog-nua-de-leabhair-a-clobhuaileadh-i-ngaeilge-o-1571-go-1871/).

School of Celtic Studies (continued)

Michelle O Riordan was, a contributor and reader for LÉAMH. ORG, and a member of the joint committee of Foilseachán Ábhar Spioradálta and *An Timire*.

SCHOOL PUBLICATIONS

Three books and a journal appeared under the imprint of the School of Celtic Studies in 2018. *Buchedd Beuno: The Middle Welsh Life of St Beuno*, edited by Patrick Sims-Williams of Aberystwyth University, was launched in May during the School's Two-day symposium on hagiography. This is the latest volume in the Medieval and Modern Welsh series. *Filíocht Ghaeilge an Athar Maonas Ó Ruairc* (c.1658–1750) edited by Pádraig de Brún was launched in September following a workshop on codicology given by Dr John Gillis. *Celtica* 30, edited by Barry Lewis and Ruairí Ó hUiginn, with the assistance of Chantal Kobel, Marie-Luise Theuerkauf and Sarah Waidler, was launched during the annual Tionól in November as was *Fuidheall Áir: Bardic poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c.1377–c.1637*, edited by Mícheál Hoyne, Bergin Fellow at the School of Celtic Studies. This represents the first volume in a new book series: Early Modern Irish Texts/ *Sraith na Nua-Ghaeilge Moiche*.

PUBLICATIONS BY MEMBERS OF STAFF

Liam Breatnach:

'Varia III. 1. On the preposition for with the negative particle in Old Irish. 2. The River *Níth'*, *Ériu* 67 (2017) 227–37.

'An Old Irish Story of a Woman Poet in Donegal', in Jason Merchant, Line Mikkelsen, Deniz Rudin & Kelsey Sasaki (eds), *A Reasonable Way to Proceed: Essays in Honor of Jim McCloskey*. (Linguistics Research Center, Santa Cruz, CA 2018) 51–7.

'A Fragmentary Old Irish Text on Oaths', in Anders Ahlqvist and Pamela O'Neill (eds), *Fír Fesso. A Festschrift for Neil McLeod*, Sydney Series in Celtic Studies 17 (Sydney 2018) 53–64.

Ruairí Ó hUiginn:

'The Book of Ballymote: scholars, sources and patrons', in R. Ó hUiginn (ed.) *Book of Ballymote. Codices Hibernenses Eximii 2.* (Dublin, 2018) 191–220.

'Pádraig Ó Fiannachta: foilsitheoir' in *Léachtaí Cholm Chille* 48 (2018), 145–60.

'Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne characters, themes and history', in K. Murray (ed.) *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*: Reassessments Irish Texts Society Subsidiary Series 30 (London, 2018), 43–71.

Barry Lewis:

Review: Deborah Hayden and Paul Russell (eds), *Grammatica, Gramadach and Gramadeg: Grammar and Grammarians in Medieval Ireland and Wales* (Amsterdam/Philadelphia, 2916), in Celtica, 30 (2018), 223–9.

'Ar drywydd Magna, "chwaer Dewi Sant", ac eglwys ddiflanedig yn Nyffryn Teifi', *Studia Celtica*, 52 (2018), 33–52.

Review: Lynette Olson (ed.), *St Samson of Dol and the Earliest History of Brittany, Cornwall and Wales* (Woodbridge, 2017), in *Studia Celtica*, 52 (2018), 188–92.

Aoibheann Nic Dhonnchadha:

(with Pádraig Ó Macháin, UCC) 'Nessa Ní Shéaghdha: palaeographer and textual historian', in Kevin Murray (ed.), *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: Reassessments* Irish Texts Society Subsidiary Series 30 (London 2018), 1-16.

'Cnuasach litreacha', *An Linn Bhuí: iris Ghaeltacht na nDéise 22* (2018), 217–227.

'Nótaí Fáin' [items 2, 3 and 4] *An Linn Bhuí: iris Ghaeltacht na nDéise* 22 (2018) 228-242.

Mícheál Hoyne:

Fuidheall Áir: Bardic Poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c. 1377 – c. 1637 Early Modern Irish Texts Series 1. DIAS (xvi + 489pp.)

'Early Modern Irish miscellanea: 1. corrigendum (ad Ériu lxvi 72–3) and a note on *comparatio compendiaria*; 2. a detail of vowel shortening in hiatus in Classical Modern Irish; 3. *áoi trasgartha*; 4. a rhyming example of nom. pl. dee "gods" in Classical Modern Irish', Ériu 67 (2017 [2018]), 169–86.

Nike Stam:

'Strategy or Accident: Code-Switching in the Commentary to the *Félire Óengusso*', in M. Ó Flaithearta (ed.) *Code-Switching in Medieval Ireland and England* (Bremen, 2018), 71–95.

Chantal Kobel:

'A note on the use of a feminine adjective following accusative and dative singular *talmain'*, *Celtica* 30 (2018), 10–13.

Pádraig A. Breatnach: 'Kuno Meyer's boyhood diaries and the letters to family and friends' (Review Article), *Studia Hibernica* 44 (2018), 135-148.

"A true scholar and something more": Gearóid Ó Murchadha (1901–1959)', in Nioclás Mac Cathmhaoil et al. (eds) *Súgán an Dúchais*, Sraith Adhamhnáin Iml. 1, (Doire, 2018), 462–485.

'Togha na hÉigse 1700–1800, 7. *Tarla gné dhaoldatha d'fhoiligh gach rian* (Séamas Mac Coitir)', *Celtica* 30 (2018), 38–55.

Scoil an Léinn Cheiltigh (ar lean)

Bhí mír ar Nuacht TG4 chomh maith le tuairisc san *Irish Times* faoin gComhdháil ar Lámhscríbhinní Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag ar labhair roinnt scoláirí as IALBÁC

IMEACHTAÍ EILE SA SCOIL

Thug an tOllamh Jørn Øyrehagen Sunde, saineolaí ar dhlithe na Sean-Ioruaise, cuairt ar an 26 Aibreán ar IABAC mar ar bhuail sé le baill Scoile agus roinnt scoláirí eile le plé a dhéanamh ar chomhoibriú a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar sheantéacsanna dlí sa dá thír. Bhí lón neamhfhoirmiúil i ndiaidh an chruinnithe i Seomra na Comhairle. I láthair ag an lón bhí a Soilse, Else Berit Eikeland, Ambasadóir na hIorua chun na tire seo a d'eagraigh cuairt an Ollaimh Sunde. Bronnadh portráid den scoláire cáiliúil Ioruach Carl Marstrander ar an Ambasadóir agus ghlac an tOllamh Sunde leis na seacht n-imleabhar atá i sraith an Early Irish Law le haghaidh na leabharlainne in Ollscoil Bergen.

Thug an Dr John Gillis as Rannóg an Chaomhnaithe i Leabharlann Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ceardlann ar chóidéacseolaíocht ar an 28 Meán Fómhair. An Dr Chantal Kobel a d'eagraigh an cheardlann.

Ar an 18 Deireadh Fómhair thug an tOllamh M. J. Driscoll ó Ollscoil Chóbanhávan caint dar teideal 'The Icelandic Rímur', an triú léacht de shraith léachtaí atá tugtha aige sa Scoil in 2017–18.

School of Celtic Studies (continued)

OTHER ACTIVITIES AND ACHIEVEMENTS

Brian Ó Curnáin gave a number of television and radio interviews on a copy of *Cúirt an Mheán-Oíche* found in a nineteenth-century Irish manuscript from Co. Roscommon.

The *Clóliosta* project undertaken by Mícheál Hoyne and Professor Richard Sharpe (Oxford University) was the subject of a piece on RTÉ News website (Eng: https://www.rte.ie/news/nuacht/2018/1031/1007852-new-catalogue-of-books-printed-in-irish-from-1571-to-1871/; Ir: https://www.rte.ie/news/nuacht/2018/1101/1008001-catalog-nua-de-leabhair-a-clobhuaileadh-i-ngaeilge-o-1571-go-1871/).

The Trinity Irish Manuscripts conference at which a number of DIAS scholars spoke was the subject of a piece on TG4's Nuacht programme and a report in the *Irish Times*.

OTHER EVENTS

Professor Jørn Øyrehagen Sunde of Bergen University who is a specialist in Old Norse Law visited DIAS on 26 April where he had a meeting with members of the School and some other academics to discuss possible collaboration in the future in the area of early legal studies. This was followed by an informal lunch in the Council Room attended by H. E. Else Berit Eikeland, Norwegian Ambassador, through whose good offices the visit had been arranged. The Ambassador was afterwards presented with a framed portrait of Carl Marstrander, the renowned Norwegian Celticist, while Professor Sunde accepted a boxed set of the 8 volumes of the SCS Early Irish Law series for the library at Bergen University.

Dr John Gillis, of the Conservation Department of the Trinity College Dublin Library held a workshop on the codicology of Irish manuscripts 28 September which was arranged by Chantal Kobel. Professor M.J. Driscoll of Copenhagen University gave a lecture on 'The Icelandic Rímur' on 18 October, this being the third in a series of lectures he has given at the School in 2017–18.



School of Cosmic Physics
Scoil na Fisice Cosmaí

Scoil na Fisice Cosmaí

Réaltfhisice

Príomhfhorbairtí 2018: Le tuairisciú de réir na gceithre Sprioc Straitéiseacha uileghabhálacha sa Straitéis nua.

Sprioc 1: Eolas agus léargais nua a fhionnadh trí ardtaighde agus scoláireacht bhunúsach, ag cur ar chumas DIAS leanúint lena oidhreacht agus cáil na hÉireann a bhreisiú mar oileán de chaipitil intleachtach.

Le dhá bhliain anuas, tá dul chun cinn mór á dhéanamh i dtaobh rannpháirtíocht na hÉireann i dtionscadail réalteolaíochta idirnáisiúnta. In 2018, chuaigh Éire isteach Réadlann Eorpach sa Leathsféar (ESO) mar shéú Bhallstát déag na heagraíochta, tar éis d'Éirinn páirt a ghlacadh sa Low Frequency Array (LOFAR) in 2017. Shínigh John Halligan TD, an tAire Stáit freagrach as Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht, Taighde agus Forbairt, agus Xavier Barcons, Stiúrthóir Ginearálta ESO conradh aontachais a ESO ar an 26 Meán Fómhair 2018. Bhí ról ceannasach ag DIAS chun cás a dhéanamh do bhallraíocht ESO, agus mar thoradh, ceapadh an tOllamh Tom Ray ar Chomhairle an ESO chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann leasanna réalteolaíocha na hÉireann san ESO.

Tá radhairc nua ar an ngrian, réaltaí agus réaltraí i bhfad uainn á bhfáil ag réalteolaithe ó LOFAR ag minicíochtaí raidió ísle (10-240 MHz). Ag DIAS, tá ár dtaighdeoirí ag tabhairt faoi staidéar bunúsach ar ghrianbhladhmanna le sonraí LOFAR i gcomhar le breithniúcháin ó mhisin NASA agus ESA, cosúil le Solar Dynamics Observatory. Tá an Dr Oisín Creaner, Comhalta Taighde, ag obair mar chuid d'Ardphobal Eorpach mór, Radionet, ar bhogearraí chun feidhmíocht LOFAR a fheabhsú, agus tá an Dr Simon Purser dírithe ar na próisis atá freagrach as réalta a fhoirmiú a bhfuil mais acu atá cosúil leis an mais inár nGrian. Níos sonraíche ná sin, tá leas á bhaint aige as breithniúcháin raidió chun an fhisic atá taobh thiar de scairdeanna ardluais, ianaithe a sheoltar mar fhotháirgí den phróiseas seo a shoiléiriú. Tá leas á bhaint ag an Dr Eoin Curley agus mic léinn PhD, Aoife Ryan, Ciara Maguire agus Pearse Murphy ag úsáid LOFAR chun staidéar a dhéanamh ar struchtúr agus ar éabhlóid atmaisféar na gréine.

Tá foireann LOFAR fairsingithe go suntasach ó tháinig an tOllamh Peter Gallagher ar bord ag deireadh 2018. Tá an líon is mó taighdeoirí LOFAR anois ag DIAS, lena n-áirítear beirt Príomhiniúchóirí, triúr Comhaltaí Taighde agus ceathrar Scoláire Taighde. Tá an tOllamh Gallagher ina Cheannaire ar Chuibhreannas LOFAR na hÉireann freisin.

Faigheann LOFAR tacaíocht ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó Chomhairle Taighde na hÉireann.

The ESO Very Large Telescope (VLT) during observations.
Teileascóp Mór (VLT) ESO i mbun breathnóireachta.

An Réadlann Eorpach sa Leathsféar

Le ballraíocht san ESO, fuair réalteolaithe DIAS rochtain ar sraith teileascóip agus ionstraimí den chéad scoth an ESO, lena n-áirítear an Teileascóip An-Mhór (VLT) ar Paranal agus an tEagar Mór Miliméadair/fomhiliméadair ar Atacama (ALMA) ag Chajnantor sa tSile. Féadfaidh réalteolaithe agus tionscal na hÉireann anois aghaidh a thabhairt ar chur le tógáil Teileascóip An-Mhór (ELT) den chéad scoth. Tá réaltfhisiceoirí DIAS ag úsáid na n-áiseanna seo cheana féin agus leanfaidh siad ag cur lena bhforbairt sna blianta romhainn.

School Of Cosmic Physics

Astrophysics

Key Developments 2018: To be reported in line with the four overarching Strategic Goals in the new Strategy.

Goal 1: Discovery of new knowledge and insights through advanced fundamental research and scholarship, enabling DIAS continue it's legacy and enhance Ireland's reputation as an island of intellectual capital.

Image of I-LOFAR from a balloon.
Iomhá de I-LOFAR ó bhalún.

The last two years have seen major progress being made in Irish participation in international astronomy projects. In 2018, Ireland joined the European Southern Observatory (ESO) as the organisation's sixteenth Member State, which followed on from Ireland joining the Low Frequency Array (LOFAR) in 2017. The ESO accession agreement was signed on 26 September 2018 by John Halligan T.D., Irish Minister of State for Training, Skills, Innovation, Research and Development, and Xavier Barcons, Director General of ESO. DIAS has played a leading role in making the case for ESO membership, and as a result, Professor Tom Ray was appointed to the ESO Council to represent Irish astronomical interests within ESO.

LOFAR is giving astronomers new views of the sun, stars and distant galaxies at low radio frequencies (10-240 MHz). At DIAS, our researchers are undertaking fundamental studies of solar flares using LOFAR data in combinations with observations from NASA and ESA missions, such as Solar Dynamics Observatory. Dr Oisín Creaner, a Research Fellows, is working as part of a major European Advanced Community, Radionet, on software to improve the performance of LOFAR, while Dr Simon Purser is focused on examining the processes responsible for the formation of stars similar in mass to our Sun. More specifically he is using radio observations to elucidate the physics behind the high-velocity, ionised jets which are launched as by-products of this process. Dr Eoin Carley and PhD students, Ms Aoife Ryan, Ms Ciara Maguire and Mr Pearse Murphy are using LOFAR to study the structure and evolution of the solar atmosphere.

The LOFAR team has expanded significantly since the arrival of Professor Peter Gallahger in late 2018. DIAS now has the largest concentration of LOFAR researchers, including two Principal Investigators, three Research Fellows and four Research Students. Professor Gallagher is also Head of the Irish LOFAR Consortium.

LOFAR is supported by Science Foundation Ireland, the Department of Business, Enterprise and Innovation and the Irish Research Council.

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

HESS Telescope.
Teileascóp HESS.

Roghnaíodh an tOllamh Ray mar ionadaí thar ceann Rialtas na hÉireann ar Chomhairle ESO agus ceapadh Comhalta Taighde DIAS, an Dr Rebeca Garcia Lopez, mar ionadaí na hÉireann ar Choiste Úsáideoirí ESO. Tá an tOllamh Ray ina chomhchathaoirleach freisin ar Phainéal Straitéise ESO a bunaíodh faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta agus tá an Dr Garcia Lopez ina ball de freisin.

Réaltfhisic Ardfhuinnimh

D'fhoilsigh comhoibriú H.E.S.S. suirbhé suntasach ar an bplána Réaltrach in eagrán speisialta de Astronomy and Astrophysics tiomanta do thorthaí ó H.E.S.S. (A&A, Aibreán 2018). Áiríodh san eagrán sraith páipéar a chlúdaigh raon leathan ábhar, ó réaltnéalta gaoithe pulsár go córais dhénártha gáma-gha trí iarsmaí ollnóva. Léiríodh sna páipéir seo cumas iontach na dteileascóp gáma-gha chun staidéar a dhéanamh ar na feiniméin is fuinniúla sa Réaltra agus na nithe is féidir a bheith ag súil leo ón Teileascóip Eagair Cherenkov (CTA). Is fiú a thabhairt faoi deara gur dóchúil go mbeidh CTA an Deiscirt suite in aice le suíomh Paranal ESO. Mar thoradh, beidh rochtain ag réalteolaithe na hÉireann ar an áis seo láithreach. I measc na dtaighdeoirí DIAS atá páirteach in H.E.S.S. tá an tOllamh Felix Aharonian agus an Dr Jonathan Mackey.

Bladhmanna Raidió ó Réad Réaltach Óg Ollmhór

Cuireann taighdeoirí DIAS an chéad fhianaise i láthair de bhladhm raidió a bhaineann le bladhm fuillimh infridhearg i réad réaltach ollmhór óg (Cesaroni et al., A&A, 2018). Léirmhíníonn na húdair (lena n-áirítear ó DIAS, Alessio Caratti o Garatti, Tom Ray, agus Malcolm Walmsley nach maireann) na breithnithe seo i dtéarmaí samhail scairde ag leathnú a thugann le fios go bhfuil an scaird bhunúsach agus feiniméin diosca fuillimh mar a chéile is atá in ábhair le mais níos ísle.

Braiteoirí den Chéad Ghlúin Eile

Tá cineál nua braiteora á fhorbairt ag Réaltfhisic DIAS a bhreiseoidh go mór ár gcumas le staidéar a dhéanamh ar na réaltraí is faide uainn sa Chruinne mar aon le foirmiú réalta agus pláinéid i mBealach na Bó Finne. Tugtar Braiteoirí Ionduchtas Cinéiteach Micreathoinne, MKID orthu, fuaraítear picteilíní chuig codán de chéim os cionn dearbhnialas agus is féidir leo a bhrath ní hamháin déine na bhfótón a thagann ó ábhair i bhfad ó bhaile ach freisin a ndath agus an t-am a dtagann siad chuig codán de mhilleasoicind. Tá rátaí sonraí ó na braiteoirí seo chomh hard go n-úsáidfidh an tionscadal leictreonaic asléimh, a forbraíodh don teileascóip raidió ollmhór ar a dtugtar an tEagar Cearnógach Ciliméadair, chun torthaí a bhailiú. Tá an tionscadal seo ar siúl i gcomhar le hOllscoil Oxford, an Netherlands Institute for Space Research (SRON), Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Mhá Nuad. Tacaíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann leis an taighde seo.

VLA archival image obtained on August 27, 1990, at 3.6cm with the C-array configuration.
Íomhá chartlainne VLA a fuarthas ar an 27 Lúnasa, 1990, ag 3.6cm leis an gcumraíocht C-eagair.



School Of Cosmic Physics (continued)

European Southern Observatory

With ESO membership, DIAS astronomers gained access to ESO's suite of world-class telescopes and instruments, including the Very Large Telescope (VLT) on Paranal and the Atacama Large Millimeter/submillimeter Array (ALMA) at Chajnantor in Chile. Irish astronomers and industry can now also look forward to contributing to the construction of the cutting-edge Extremely Large Telescope (ELT). DIAS astrophysicists are already users of these facilities and will continue to their development in the coming years.

Professor Ray has been chosen as the Irish Government representative on the ESO Council while DIAS Research Fellow, Dr Rebeca Garcia Lopez, has been appointed Irish representative on the ESO Users' Committee. Professor Ray also co-chairs the ESO Strategy Panel set up under the auspices of the Department of Business, Enterprise and Innovation of which Dr Garcia Lopez is also a member.

High Energy Astrophysics

The H.E.S.S. collaboration published a significant survey of the Galactic plane in a special issue of Astronomy and Astrophysics devoted to results from H.E.S.S (A&A, April 2018). The issue included a series of papers covering a wide range of objects, from pulsar wind nebulae to gamma-ray binaries through supernova remnants. These papers illustrated the great potential of gamma ray telescopes to study the most energetic phenomena in the Galaxy and what can be expected from the Cherenkov Telescope Array (CTA). It is worth noting that CTA South is likely to be located near ESO's Paranal site. As a result, Irish astronomers will have access to this facility as of right. DIAS researchers involved in H.E.S.S include Professor Felix Aharonian and Dr Jonathan Mackey.

Radio Bursts from a Massive Young Stellar Object

DIAS researchers present the first evidence of a radio burst associated with accretion massive young stellar object (Cesaroni et al., A&A, 2018). The authors (from DIAS, Alessio Caratti o Garatti, Tom Ray, and the late Malcolm Walmsley) interpret these observations in terms of an expanding jet indicating that the basic jet and accretion disc phenomena are the same as in lower mass objects.

Next Generation Detectors

DIAS Astrophysics are developing a new type of detector that will enormously enhance our ability to study the most distant galaxies in the Universe as well as star and planet formation in the Milky Way. Known as Microwave Kinetic Inductance Detectors, MKIDs, pixels are super-cooled to a fraction of a degree above absolute zero and can detect not only the intensity of photons arriving from distant objects but also their colour and time of arrival to within a fraction of a millisecond. Data rates from these detectors are so high that the project will use read-out electronics, developed for the giant radio telescope known as the Square Kilometre Array, to collect results. This project is in collaboration with the University of Oxford, the Netherlands Institute for Space Research (SRON), Trinity College Dublin and Maynooth University. This research is supported by Science Foundation Ireland.

An experimental laboratory has been established at 31 Fitzwilliam Place, which now includes a vector network analyser, high frequency (4-8 GHz) readout electronics and an adiabatic demagnetisation refrigerator cryostat capable of cooling samples down to 30 mK, just 0.03 degrees above absolute zero. This not only makes DIAS the currently coldest place in Ireland but also enables both further local detector fabrication, evaluation and optimisation.

Summary of any key decisions taken on direction of research/ new areas

Changing Leadership

2018 was a year of change for DIAS Astrophysics as the Section welcomed the appointment of Peter Gallagher as a Senior

Experimental Laboratory.
Saotharlann Thurgnamhach.

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

Bunaíodh saotharlann thurgnamhach ag 31 Plás Mhic Liam, ina bhfuil anailíseoir líonra veicteora, leictreonaic asléimh ardmhinicíochta (4-8 GHz) agus crióstat cuisneora dímhaighnéadaithe aidiabatach atá in ann samplaí a fhuarú chuig 30 mK, díreach 0.03 céim os cionn dearbhnialas anois. Ní hamháin anois go bhfuil DIAS ar an áit is fuaire in Éirinn ach cuireann sé ar chumas déanamh, measúnú agus optamú braiteoirí áitiúla a bhreisiú.

Achoimre ar aon phríomhchinntí a glacadh maidir le treoir taighde/ réimsí nua

Ceannaireacht ag Athrú

Bhí go leor athruithe in 2018 i Réaltfhisic DIAS nuair a chuir an Rannóg fáilte roimh cheapachán Peter Gallagher mar Ollamh Sinsearach agus Ceann na Realteolaíochta agus na Réaltfhisice nuair a d'éirigh an tOllamh Luke Drury as.

Bhí an tOllamh Drury ina Ollamh Sinsearach sa Réaltfhisic ar feadh 32 bliain agus tá go leor curtha aige le fisic phlasma theoiriciúil, go háirithe maidir le turraing agus scairdeanna i bplasmaí réaltfhisice. D'fhoilsigh sé os cionn 220 páipéar molta agus tá an-mheas ar a chuid oibre, le níos mó ná 15,000 sliocht athfhriotail faighte aige. Tá an t-alt athbhreithnithe a scríobh sé ar theoiric luasghéarú turrainge idirleata de cháithníní fuinniúla i bplasmaí tanaí (Drury, 1983) ina pháipéar tábhachtach do thaighdeoirí tosaigh go háirithe, agus luadh os cionn 1,200 uair é ó foilsíodh é. Tá an páipéar a scríobh sé in 2001 le M.A. Malkov ina pháipéar ceannródaíoch i réimse na réaltfhisice plasma teoiriciúil (Malkov & Drury, 2001). Threoraigh an tOllamh Drury Réaltfhisic DIAS trí am dúshlánach agus chinntigh sé gur cothaíodh agus gur cosnaíodh Réadlann Dunsink do na glúnta le teacht. Le blianta beaga anuas, leathnaíodh an Rannóg mar thoradh ar an gcáil láidir idirnáisiúnta agus an timpeallacht intleachtúil a chothaigh an tOllamh Drury thar na blianta. Buaicphointe dá ghairm bheatha ba ea a Uachtaránacht ar Acadamh Ríoga na hÉireann idir 2011-2014. Guímid gach rath air ina scor agus tá áthas orainn go leanfaidh sé ar aghaidh mar Ollamh Emeritus ag DIAS.

In 2018, ceapadh an tOllamh Peter Gallagher mar Ollamh Sinsearach agus Ceann na Realteolaíochta agus na Réaltfhisice ag DIAS. Roimh ghlacadh leis an ról, bhí an tOllamh Gallagher ina Ollamh le Réaltfhisic ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit a raibh sé ina cheannaire ar an bhfisic ghréine agus taighde aimsire spáis – agus áit ar threoraigh sé forbairt an chéad áis mhór réalteolaíochta in Éirinn – Low Frequency Array na hÉireann (I-LOFAR) ag Caisleán Bhiorra i gCo. Uíbh Fhailí. Thug an tOllamh Gallagher grúpa taighde gníomhach agus a bhfuil cáil orthu ar fud an domhan chuig DIAS, ag díriú ar réimsí na fisice gréine agus na haimsire spáis. Oibríonn a fhoireann de dheichniúr taighdeoirí ar éabhlóidiú grianspota, tuar bladhma, poill chorónacha agus ruaigeadh maise corónacha, agus an tionchar a imríonn na feiniméin seo ar an Domhan. Tá an tOllamh Gallagher fós ag treorú Cuibhreannas Low Frequency Array na hÉireann (I-LOFAR) agus is Ollamh Taca é ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá naisc ghairide ag a fhoireann le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) agus leis an NASA Goddard Space Flight Centre go háirithe. I dtéarmaí an ESA, tá an tOllamh Gallagher ina Chomh-Thaighdeoir don ionstraim X-ghathanna Íomháithe Teileascóip Ghréine (STIX) a sheolfar ar an spásárthach Solar Orbiter in 2018 agus tá sé ina Bhall freisin de Choiste Comhairleach Eolaíochta Spáis ESA. Is í an uaillmhian atá aige fás suntasach a thiomáint i Réaltfhisic DIAS i dtéarmaí an líon taighdeoirí agus i gcáilíocht agus i méid na bhfoilseachán a thairgeann an Rannóg. Tá sé mar aidhm aige freisin Réadlann Dunsink a athrú sna blianta romhainn, le go mbeidh sé ina cheann scríbe mór do mhic léinn agus do bhaill an phobail a bhfuil suim acu foghlaim faoi cheannaireacht na hÉireann roimhe seo agus i láthair na huaire i dtaighde réaltfhisiceach.

Minister John Halligan and Professor Peter Gallagher at the Leviathan Telescope in Birr, Co. Offaly.

An tAire John Halligan agus an tOllamh Peter Gallagher ag Teileascóip Leiviatan i mBiorra, Co. Uíbh Fhailí.

School Of Cosmic Physics (continued)

Professor and Head of Astronomy and Astrophysics upon the retirement of Professor Luke Drury.

Professor Drury was a Senior Professor in Astrophysics for 32 years and has made major contributions to theoretical plasma physics, particularly relating to shock and jets in astrophysical plasmas. He has published over 220 refereed papers and his work is highly regarded, receiving over 15,000 citations. His review article on the theory of diffusive shock acceleration of energetic particles in tenuous plasmas (Drury, 1983) has become an important paper for starting researchers in particular, received over 1,200 citations since it's publication. His 2001 paper, co-authored with M. A. Malkov, has become a seminal paper in the field of theoretical plasma astrophysics (Malkov & Drury, 2001). Professor Drury led DIAS Astrophysics through challenging times and has ensured that Dunsink Observatory has been maintained and protected for future generations. In recent years, the Section has experienced some expansion as a result of the strong international reputation and intellectual environment that Professor Drury has nurtured over the years. A highlight of his career must have been his Presidency of the Royal Irish Academy in 2011-2014. We wish him well in his retirement and are delighted that he will continue on as an Emeritus Professor at DIAS.

2018 saw the appointment of Professor Peter Gallagher as a Senior Professor and Head of Astronomy and Astrophysics at DIAS. Prior to taking up the role, Professor Gallagher was Professor in Astrophysics at Trinity College Dublin, where he was head of solar physics and space weather research – and where he led the development of Ireland's first major astronomy facility, the Irish Low Frequency Array (I-LOFAR) at Birr Castle in Co. Offaly. Professor Gallagher has brought an active and world-renowned research group to DIAS, focusing on the areas of solar physics and space weather. His team of ten researchers work on sunspot evolution, flare forecasting, coronal holes and coronal mass ejections, and the impact that these phenomena have on the Earth. Professor Gallagher continues to lead the Irish Low Frequency Array (I-LOFAR) Consortium and is an Adjunct Professor at Trinity College Dublin. His team have close links with the European Space Agency (ESA) and with NASA Goddard Space Flight Centre in particular. In terms of ESA, Professor Gallagher is a Co-Investigator for the Solar Telescope Imaging X-rays (STIX) instrument that will be launched on the Solar Orbiter spacecraft in 2018 and he is also a Member of ESA's Space Science Advisory Committee. His ambition is to drive substantial growth in DIAS Astrophysics in terms of the number of researchers and also in the quality and quantity of publications that the Section produces. He also aims to transform Dunsink Observatory over the coming years, making it a major destination for students and members of the public interested in learning about Ireland past and present leadership in astrophysical research.

Future plans – summary of any funding awards and a few lines on new projects

Dr Rebeca Garcia Lopez was awarded a Science Foundation Ireland Starting Investigator Research Grant. The project will involve the use of IR interferometric data from VLTI-GRAVITY and -MATISSE, on the ESO Very Large Telescope (VLT). The data pool obtained will also serve to develop a statistical imaging reconstruction method for geo-stationary satellite imaging.

Dr Jonathan Mackey, an SFI-Royal Society University Research Fellow, was awarded an Irish Research Council Laureate Award. The project, "High-Energy Radiation from Interaction Supernovae", will investigate particle acceleration and high-energy radiation processes in stellar-wind bubbles, in supernovae interacting with dense stellar winds, and in young supernova remnants.

Any other awards/honours (national or international) received acknowledging excellence of research and/or individuals

DIAS Research Fellow, Dr Alessio Caratti o Garatti was appointed as a Research Associate at Istituto Nazionale di Astrofisica (INAF, Italian National Institute for Astrophysics).

List of key publications

(NOTE: full list of publications in an Appendix)

Research output, measured by the number of publications, continues to be strong as shown in the attached bibliography for publications in 2018. Publication and citation rates have remained relatively stable over the past decade.

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

Pleananna don todhchaí – achoimre ar aon dámhachtainí maoinithe agus cúpla líne ar thionscadail nua

Bronnadh Deontas Taighde Iniúchóra ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar an Dr Rebeca Garcia Lopez. Úsáidfear sonraí trasnamhéadrachta IR ó VLTI-GRAVITY agus -MATISSE, ar an Teileascóip An-Mhór ESO (VLT) sa tionscadal seo. Úsáidfear an méid sonraí a bhailítear chun modh atógála íomháithe staitistiúil a fhorbairt i gcomhair íomháithe satailíte geochobhsaí.

Bronnadh Gradam Laureate Chomhairle Taighde na hÉireann ar an Dr Jonathan Mackey, ar Comhalta Taighde de chuid SFI-Royal Society University é. Déanfar iniúchadh sa tionscadal "High-Energy Radiation from Interaction Supernovae" ar luasghéarú cáithníní agus ar phróisis radaíochta ardfhuinnimh i mbolgáin gaoth réaltach, in ollnóva ag idirghníomhú le gaotha dlútha réaltacha, agus i bhfuílligh ollnóva óga.

Aon dámhachtainí/ onóracha eile (náisiúnta nó idirnáisiúnta) a fuarthas ag aithint sármhaitheas na taighde agus/nó daoine aonair

Ceapadh Comhalta Taighde DIAS, an Dr Alessio Caratti o Garatti mar Chomhalta Taighde ag Istituto Nazionale di Astrofisica (INAF, Institiúid Náisiúnta na hIodáile son Réaltfhisic).

Liosta príomhfhoilseachán

(NÓTA: tá liosta iomlán foilseachán san Aguisín)

Tá aschur taighde, arna thomhas de réir an líon foilseachán, fós láidir mar a léirítear sa leabharliosta faoi iamh maidir le foilseacháin in 2018. Tá rátaí foilseacháin agus lua fanta réasúnta cobhsaí le deich mbliana anuas.

Foilsíodh formhór ár dtorthaí sna hirisí réalteolaíocha ceannródaíocha, Astronomy and Astrophysics, The Astrophysical Journal agus Monthly Notices of the Royal Astronomical Society. Anuas air sin, leanaimid ag foilsiú irisí a bhfuil an-tionchar acu cosúil le Nature and Science.

Tá mórán gach páipéar linn ar fáil mar athphriontáil ar an arXiv agus dá bhrí sin tá ár dtiomantas rochtana oscailte á shásamh againn. Tá go leor de na páipéir seo anois curtha i gcartlann institiúideach DIAS. Beidh rochtain oscailte a thabhairt ar fhoilseacháin ag éirí níos tábhachtaí, go háirithe i bhfianaise "Plean S", tionscnamh d'fhoilsiú eolaíochta rochtain oscailte a sheol Science Europe i Meán Fómhair 2018. Éilíonn an plean ar eolaithe agus ar thaighdeoirí a bhaineann tairbhe as eagraíochtaí agus institiúidí atá maoinithe ag an stát a gcuid oibre a fhoilsiú i dtaisclanna oscailte nó in irisí atá ar fáil faoi 2020. D'eisigh ALLEA, (All European Academies - the European Federation of Academies of Sciences and Humanities), ráiteas maidir le Plean S, na tionchair ar dóchúil a bheidh aige agus a riachtanais fhorfheidhmithe. Bhí Luke Drury ina chomhalta ar Bhord ALLEA agus bhí sé ina ambasadóir agus ionadaí iontach don DIAS sna gníomhaíochtaí seo.

Seo thíos tá roinnt foilseachán tábhachtacha ó 2018.

"Multimessenger observations of a flaring blazar coincident with high-energy neutrino IceCube-170922A", IceCube Collaboration, Aartsen, et al., Science, 361, (2018).

"The H.E.S.S. Galactic plane survey, H.E.S.S. Collaboration", Abdalla, et al., Astronomy and Astrophysics, 612, A1, (2018).

"Radio outburst from a massive (proto)star. When accretion turns into ejection", Cesaroni, R., et al., Astronomy and Astrophysics, 612, A103, (2018).

"A chemical survey of exoplanets with ARIEL", Tinetti, Giovanna, et al., Experimental Astronomy, 46, 135, (2018).

"Connection between jets, winds and accretion in T Tauri stars. The X-shooter view", Nisini, B., et al., Astronomy and Astrophysics, 609, A87, (2018).

"Mapping the core of the Tarantula Nebula with VLT-MUSE. I. Spectral and nebular content around R136", Castro, N., et al., Astronomy and Astrophysics, 614, A147, (2018).

"Constraining the nature of DG Tau A's thermal and non-thermal radio emission", Purser, S. J. D., et al., Monthly Notices of the Royal Astronomical Society, 481, 5532, (2018).

"Expansion of High-speed Solar Wind Streams from Coronal Holes through the Inner Heliosphere", Garton, T. M., Murray, S. A., Gallagher, P. T., Astrophysical Journal Letters, 869, L12, (2018).

"A Detailed Model of the Irish High Voltage Power Network for Simulating GICs", Blake, S. P., Space Weather, 16, 1770, (2018).

Liosta d'aon chuir i láthair mór ag comhdhálacha idirnáisiúnta

(NÓTA: tá liosta iomlán san Aguisín)

- Thug Felix Aharonian caint ar chuireadh "Hillas Plot: trivial and non-trivial implications" ag an Hillas Symposium, Heidelberg, An Ghearmáin, Noll. 10-12, 2018.
- Thug Jonathan Mackey caint ag Potsdam, sa Ghearmáin ag cruinniú maidir le Turraingí Réaltfhisiceacha (5-7 Márta).
- Labhair Felix Aharonian agus Luke Drury ag cruinniú CRATER in GSSI L'Aquila, san Iodáil ón 28 Bealtaine, 2018 go dtí an 1 Meitheamh. D'oscail agus dhún cainteoirí DIAS an cruinniú.

School Of Cosmic Physics (continued)

Most of our findings have been published in the leading astronomical journals, Astronomy and Astrophysics, The Astrophysical Journal and Monthly Notices of the Royal Astronomical Society. In addition, we continue to publish in high-impact journals such as Nature and Science.

Virtually all our papers are available as preprints on the arXiv and we are thus meeting our open access commitment. Many of these papers have now been deposited in the DIAS institutional repository. Providing open access to publications will become increasingly important, particularly in light of "Plan S", an initiative for open-access science publishing that was launched by Science Europe in September 2018. The plan requires scientists and researchers who benefit from state-funded research organisations and institutions to publish their work in open repositories or in journals that are available to all by 2020. ALLEA, (All European Academies - the European Federation of Academies of Sciences and Humanities), released a statement relating to Plan S, its likely impacts and implementation requirements. Luke Drury has served as a member of the ALLEA Board and has been an excellent ambassador and representative for the DIAS in these activities.

Below are detailed a number of key publications from 2018.

"Multimessenger observations of a flaring blazar coincident with high-energy neutrino IceCube-170922A", IceCube Collaboration, Aartsen, et al., Science, 361, (2018).

"The H.E.S.S. Galactic plane survey, H.E.S.S. Collaboration", Abdalla, et al., Astronomy and Astrophysics, 612, A1, (2018).

"Radio outburst from a massive (proto)star. When accretion turns into ejection", Cesaroni, R., et al., Astronomy and Astrophysics, 612, A103, (2018).

"A chemical survey of exoplanets with ARIEL", Tinetti, Giovanna, et al., Experimental Astronomy, 46, 135, (2018).

"Connection between jets, winds and accretion in T Tauri stars. The X-shooter view", Nisini, B., et al., Astronomy and Astrophysics, 609, A87, (2018).

"Mapping the core of the Tarantula Nebula with VLT-MUSE. I. Spectral and nebular content around R136", Castro, N., et al., Astronomy and Astrophysics, 614, A147, (2018).

"Constraining the nature of DG Tau A's thermal and non-thermal radio emission", Purser, S. J. D., et al., Monthly Notices of the Royal Astronomical Society, 481, 5532, (2018).

"Expansion of High-speed Solar Wind Streams from Coronal Holes through the Inner Heliosphere", Garton, T. M., Murray, S. A., Gallagher, P. T., Astrophysical Journal Letters, 869, L12, (2018).

"A Detailed Model of the Irish High Voltage Power Network for Simulating GICs", Blake, S. P., Space Weather, 16, 1770, (2018).

List of any major international conference presentations

(NOTE: full list of publications in an Appendix)

- Felix Aharonian gave an invited talk "Hillas Plot: trivial and non-trivial implications" at the Hillas Symposium, Heidelberg, Germany, Dec 10-12, 2018.
- Jonathan Mackey gave a talk at Potsdam, Germany at a meeting on Astrophysical Shocks (5-7 March).
- Felix Aharonian and Luke Drury both spoke at the CRATER meeting in GSSI L'Aquila, Italy from 28th May, 2018 to 1 June. DIAS speakers opened and closed the meeting.
- Tom Ray spoke on 9th March at the "The JWST Protostars Core Program" meeting at the Observatoire de Paris.
- Gerhard Ulbricht gave a talk at the 67th Annual Denver X-Ray Conference, Denver, USA (6 - 10 August) and a presentation for the Quantum Sensors Group of the National Institute for Standards and Technologies (NIST) in Boulder, USA.
- Alessio Caratti o Garatti gave an invited talk "Overview of JWST and its GTO programs on star and planet formation" at "Protoplanetary disks seen through the eyes of new-generation high-resolution instruments", 25-28 June, Rome, Italy.
- Dr Simon Purser gave two talks discussing his work on a galactic survey of ionised jets towards sites of massive star formation, and the subsequent similarities to the low-mass case. These were given at the `Tracing the flow' conference in the UK (6th May 2018) and `The Olympian Symposium 2018' conference in Greece (28th May 2018).
- Dr Rebeca Garcia Lopez gave an invited review talk "Observations of outflows and angular momentum transport from the inner to the outer disk" at "Take a closer look" conference at ESO Head Quarters in Garching (Germany).

Scoil na Fisice Cosmaí (ar lean)

- Labhair Tom Ray ar an 9 Márta ag cruinniú "The JWST Protostars Core Program" ag an Observatoire de Paris.
- Thug Gerhard Ulbricht caint ag an 67ú Annual Denver X-Ray Conference, Denver, SAM (6 - 10 Lúnasa) agus cur i láthair don Quantum Sensors Group of the National Institute for Standards and Technologies (NIST) in Boulder, SAM.
- Thug Alessio Caratti o Garatti cuairt ar chuireadh "Overview of JWST and its GTO programs on star and planet formation" ag "Protoplanetary disks seen through the eyes of new-generation high-resolution instruments", 25-28 Meitheamh, sa Róimh, an Iodáil.
- Thug an Dr Simon Purser dhá chaint inar phléigh sé a chuid oibre féin ar shuirbhé réaltrach ar scairdeanna ianaithe i dtreo suíomhanna foirmiú réalta ollmhóra, agus na cosúlachtaí ina dhiaidh sin le cás na maise ísle. Tugadh iad seo ag an gcomhdháil `Tracing the flow' sa RA (6 Bealtaine 2018) agus comhdháil `The Olympian Symposium 2018' sa Ghréig (28 Bealtaine 2018).
- Thug an Dr Rebeca Garcia Lopez caint athbhreithnithe ar chuireadh "Observations of outflows and angular momentum transport from the inner to the outer disk" ag comhdháil "Take a closer look" ag Ceanncheathrú ESO in Garching (An Ghearmáin).

Sprioc 2: Idirnáisiúnú ar ár dtaighde agus comhoibrithe a bhreisíonn taighde domhanda agus a chuireann taighde agus scoláireacht na hÉireann chun cinn ag an am céanna

Más cuí – Fáiltiú roimh rannpháirtíocht na hÉireann le bonneagair taighde idirnáisiúnta in 2018 – léirigh ról, ranníocaíocht DIAS

Achoimre ar aon chuibhreannais nó bonneagair idirnáisiúnta nua a ndeachamar leo in 2018

Solar Orbiter Seolfar spásárthach ESA Solar Orbiter i mí Feabhra 2020 agus eitleoidh sé taobh istigh d'fhithis Mhearcair chun breithnithe cianbhraiteachta agus in situ a dhéanamh ar an nGrian agus ar fheiniméin neamhbhuana gréine. Tá taighdeoirí DIAS ag cur le forbairt na mbogearraí i gcomhair X-ghathanna Íomháithe Teileascóip Ghréine (STIX) ar Solar Orbiter. Úsáidfear an ionstraim seo chun speictreascópacht íomháithe a dhéanamh ar ghrianbhladhmanna go háirithe. Tá taighdeoirí DIAS ina bpríomhbhaill de na foirne um forbairt bogearraí agus eolaíochta.

Achoimre ar aon fhorbairtí laistigh de chuibhreannais agus bonneagair idirnáisiúnta a rabhaimid ina mball díobh in 2018 (i gcáil feidhmíocht taighde nó comhairleach)...

ARIEL Roghnaigh ESA an spásárthach Atmospheric Remote-sensing Infrared Exoplanet Large-survey (ARIEL) i Márta 2018 mar a chéad mhisean eolaíochta meánaicmeach eile. Tá sé le seoladh in 2026. Beidh Réaltfhisic DIAS freagrach as gach scoilteoir agus scagaire léis. D'fhorbair cuibhreannas institiúidí Eorpacha lonnaithe sa RA, sa Fhrainc, san Iodáil, san Ísiltír, i bPoblacht na Seice, sa Pholainn, sa Bheilg, san Ostair, sa Danmhairg, sa Phortaingéil agus in Éirinn ARIEL. Cinnte, láidreoidh sé seo ár naisc idirnáisiúnta ach, go háirithe, beimid ag obair go dlúth le hOllscoil Phrág agus Saotharlanna Rutherford Appleton in Oxford, mar go bhfuilimid freagrach go cnuasaitheach as na hoptaic coitianta, mar a thugtar orthu.

GRAVITY Lean DIAS ina chomhoibriú le Max Planck Institute of Astronomy (MPIA) in Heidelberg agus an Institut de Planétologie et d'Astrophysique (IPAG) in Grenoble ar an gcéad ghlúin eile de thrasnamhéadar gar-infridhearg GRAVITY atá lonnaithe ag suíomh ESO Paranal. Áiríodh anseo cúnamh ó phearsanra DIAS chun réaltaí óga a choimisiúnú agus a bhreithniú go luath chun cumais na n-ionstraimí a dhéanamh amach.

RadioNet Leanann DIAS de bheith ina ball gníomhach d'Ardphobal Eorpach mór, Radionet, mar aitheantas ar a rannpháirtíocht i dtionscadal LOFAR na hÉireann. Cuireann RadioNet chun cinn beartas spéire oscailte Eorpach do réalteolaíocht raidió agus tacaítear leis trí mhaoiniú Horizon 2020. I gcomhoibriú le taighdeoirí ag Ollscoil Chalmers sa tSualainn, tá bogearraí forbartha ag DIAS chun saintréithe léas teileascópach a mhúnlú. Cuirfidh bogearraí DIAS-Chalmers ar chumas réalteolaithe éagsúlacht in íogaireacht an léis a thabhairt san áireamh.

H.E.S.S. Leanann DIAS le comhoibriú H.E.S.S., ar cuireadh borradh faoi le déanaí trí nuashonruithe ceamara a mhéadaíonn go mór a íogaireacht agus a fhreagairt le himeachtaí neamhbhuana cosúil le Bladhmanna Gáma-Gha. Chinn an coiste stiúrtha do H.E.S.S. síneadh a chur leis an tionscadal go dtí deireadh 2022 ar a laghad mar gheall ar a chumas méadaithe agus mar gheall ar mhoill le háiseanna den chéad ghlúin eile. Trí Ghradam Laureate Tosaigh IRC Jonathan Mackey, beidh taighdeoir iardhochtúireachta ag DIAS ag cur go suntasach le gníomhaíochtaí a bhaineann le H.E.S.S. do 2019-2021.

School Of Cosmic Physics (continued)

Goal 2: Internationalisation of our research and collaborations thus in simultaneously enhancing global research and promoting Irish research and scholarship

If relevant - Welcoming Ireland's engagement with international research infrastructures in 2018– highlight DIAS role, contribution.

A summary of any new international consortia or infrastructures we joined in 2018

Solar Orbiter ESA's Solar Orbiter spacecraft will be launched in February 2020 and will fly inside the orbit of Mercury to make remote-sensing and in-situ observations of the Sun and solar transient phenomena. DIAS researchers have been making contributions to the development of software for the Solar Telescope Imaging X-rays (STIX) on Solar Orbiter. This instrument will be used to do imaging-spectroscopy of solar flares in particular. DIAS researchers are key members of the software development and science teams.

A summary of any developments within international consortia and infrastructures of which we were a member in 2018 (whether in a research performance or advisory capacity)…

ARIEL The Atmospheric Remote-sensing Infrared Exoplanet Large-survey (ARIEL) spacecraft was selected by ESA in March 2018 as it's next medium-class science mission. It is due for launch in 2026. DIAS Astrophysics will be responsible for all beam splitters and filters. ARIEL has been developed by a consortium of European institutes based in the UK, France, Italy, the Netherlands, the Czech Republic, Poland, Belgium, Austria, Denmark, Portugal as well as Ireland. This, of course, will strengthen our international links but in particular we will be working particularly closely with the University of Prague and the Rutherford Appleton Laboratories in Oxford, as collectively we are responsible for the so-called common optics.

GRAVITY DIAS continued its collaboration with the Max Planck Institute of Astronomy (MPIA) in Heidelberg and the Institut de Planétologie et d'Astrophysique (IPAG) in Grenoble on the next generation near-infrared interferometer GRAVITY based at the ESO Paranal site. This included assistance by DIAS personnel in the commissioning and early observations of young stars to determine the instruments capabilities.

RadioNet DIAS continues to be an active member of the EU Advanced Community RadioNet, in recognition of its involvement in the Irish LOFAR project. RadioNet promotes an European open sky policy for radio astronomy and is supported through Horizon 2020 funding. In collaboration with researchers at Chalmers University in Sweden, DIAS have developed software to model the characteristics of the telescope beam. The DIAS-Chalmers software will enable astronomers to take into account the variation in sensitivity of the beam.

